2024/770

5.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/770 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Márta 2024

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí áirithe d'iarann teilgthe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán (AE) 2018/140 ón 29 Eanáir 2018 ([2]) d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí earraí áirithe d'iarann teilgthe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann'), ('na bearta bunaidh').

(2) Leasaíodh na bearta sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/261 ón gCoimisiún ([3]) an 14 Feabhra 2019. Na dleachtanna frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair, tá rátaí na ndleachtanna idir 15,5 % agus 38,1 %.

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(3) Tar éis foilsiú fógra maidir le dul in éag atá le tarlú ([4]), fuair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(4) Is é Eurofonte ('an t-iarratasóir') a chuir an iarraidh isteach an 28 Deireadh Fómhair 2022 thar ceann 7 dtáirgeoir de chuid an Aontais ag a bhfuil breis agus 70 % de thionscal earraí áirithe d'iarann teilgthe an Aontais, de bhrí Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar na forais gur dócha go leanfaí den dumpáil agus go gcuirfí tús arís leis an díobháil do thionscal an Aontais mar thoradh ar dhul in éag na mbeart.

1.3. Athbhreithniú éaga a thionscnamh

(5) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, go raibh fianaise leordhóthanach chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga an 27 Eanáir 2023 maidir le hallmhairí earraí áirithe d'iarann teilgthe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne isteach san Aontas ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([5]) ('an Fógra Tionscnaimh').

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.
([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/140 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí earraí áirithe d'iarann teilgthe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú ar allmhairí earraí áirithe d'iarann teilgthe de thionscnamh na hIndia (IO L 25, 30.1.2018, lch. 6).
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/261 ón gCoimisiún an 14 Feabhra 2019 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/140 ón gCoimisiún agus lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí earraí áirithe d'iarann teilgthe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, agus lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú ar allmhairí earraí áirithe d'iarann teilgthe de thionscnamh na hIndia (IO L 44, 15.2.2019, lch. 4).
([4]) IO C 195, 13.5.2022, lch. 23.
([5]) IO C 30, 27.1.2023, lch. 11.

1.3.1. *Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú*

(6) Leis an imscrúdú maidir le leanúint den dumpáil nó tús a chur léi arís, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2022 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go gcuirfear tús léi arís, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir 2019 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.3.2. *Páirtithe leasmhara*

(7) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Chuir an Coimisiún an t-iarratasóir, gach táirgeoir aitheanta de chuid an Aontais, na táirgeoirí aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne agus údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne chomh maith le hallmhaireoirí, úsáideoirí agus trádálaithe aitheanta ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus thug sé cuireadh dóibh páirt a ghlacadh san imscrúdú.

(8) I measc na bpáirtithe leasmhara a tháinig chun tosaigh, bhí Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairiú agus Onnmhairiú Innealra agus Táirgí Leictreonacha ('CCCME'). Tar éis bhreithiúnas na Cúirte i gcás C-478/21P ([6]), chinn an Coimisiún an 6 Samhain 2023 chun iarraidh ar CCCME Cumhacht Aturnae a sholáthar le haghaidh ceann amháin nó níos mó de na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne ar mhaígh sé go bhfuil ionadaíocht á déanamh aige thar a cheann nó thar a gceann, chun a stádas mar chomhlachas ionadaíoch onnmhaireoirí an táirge dhumpáilte a dheimhniú. Níor sholáthar CCCME an Chumhacht Aturnae sin, mar sin dhiúltaigh an Coimisiún dó mar pháirtí leasmhar. Níor thug CCCME barúil i leith dhiúltú a stádais mar pháirtí leasmhar ach oiread.

(9) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht os comhair an Choimisiúin agus/nó os comhair an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála a iarraidh.

1.3.3. *Sampláil*

(10) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé sampláil ar na páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

Sampláil táirgeoirí ón Aontas

(11) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla ar bhonn mhéid táirgeachta agus díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas in 2022, chomh maith le cumhdach geografach na ndíolachán. Bhí trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla sin. Is ag táirgeoirí sampláilte an Aontais a bhí 46 % de tháirgeacht iomlán an Aontais den táirge comhchosúil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach, ach ní bhfuarthas aon bharúil. Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún gurb é an sampla a roghnaíodh go sealadach an sampla cinntitheach.

Sampláil allmhaireoirí

(12) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamh-chomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(13) Sholáthair dhá allmhaireoir neamh-chomhlachaithe an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla.

([6]) Breithiúnas an 21 Meán Fómhair 2023 i gCás C-478/21 P, Comhlachas Tráchtála na Síne um Allmhairiú agus Onnmhairiú Innealra agus Táirgí Leictreonacha agus Eile v An Coimisiún (AE:C:2023:685), go háirithe míreanna. 73 – 74.

Sampláil na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín

(14) Chun a chinneadh cibé an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(15) Sholáthair naoi dtáirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I gcomhréir le hAirteagal 17(1) den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún sampla de bheirt táirgeoirí onnmhairiúcháin ar bhonn an mhéid ionadaíoch is mó d'onnmhairí chuig an Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse a bhí ar fáil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, chuathas i gcomhairle le gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta lena mbaineann agus le húdaráis na tíre lena mbaineann maidir le roghnú an tsampla. Níor tugadh aon bharúil.

(16) Mar sin féin, tar éis na hiarrata chun an ceistneoir le haghaidh táirgeoirí onnmhairiúcháin a líonadh isteach, chuir ceann de na cuideachtaí sampláilte an Coimisiún ar an eolas go raibh sé beartaithe aici gan comhoibriú. Dá réir sin, roghnaigh an Coimisiún sampla nua de tháirgeoirí onnmhairiúcháin, ach arís, chuir ceann de na cuideachtaí sampláilte an Coimisiún ar an eolas nach gcomhoibreodh sí. Is ar an mbealach sin a leasaigh an Coimisiún an sampla trí huaire agus a d'iarr sé ar chúig tháirgeoir onnmhairiúcháin san iomlán an ceistneoir a líonadh isteach. Níor thug ceann ar bith de na cuideachtaí sin freagra ar an gceistneoir.

1.3.4. *Freagraí ar an gceistneoir*

(17) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ('Rialtas na Síne') maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(18) Sheol an Coimisiún ceistneoirí chuig na cuideachtaí sampláilte uile, chuig an gcomhlachas Eorpach Eurofonte a.s.b.l. agus chuig cúig tháirgeoir onnmhairiúcháin. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne ([7]) freisin an lá a tionscnaíodh iad.

(19) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ón triúr táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, ón gcomhlachas Eorpach Eurofonte a.s.b.l. agus ó bheirt allmhaireoirí neamh-chomhlachaithe Fundición Dúctil para Obras Publicas S.A. agus Capa - Engenharia e Construções Metalomecânicas S.A. Níor sholáthair ceann ar bith de na húsáideoirí freagra ceistneora ná níor tháinig siad chun tosaigh le linn an imscrúdaithe.

(20) Toisc nach raibh aon chomhar ann ó tháirgeoirí onnmhairithe na Síne ná ó Rialtas na Síne, rinneadh na cinntí maidir le dóchúlacht na dumpála agus na díobhála ar bhonn na bhfíoras a bhí ar fáil de bhun Airteagal 18 den bhun-Rialachán. Cuireadh misean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach ar an eolas dá réir sin. Ní bhfuarthas aon bharúil.

1.3.5. *Fíorú*

(21) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis a chuir na páirtithe comhoibríocha ar fáil chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó den díobháil nó go gcuirfear tús leis an dumpáil agus leis an díobháil arís agus maidir le leas an Aontais.

(22) Is in áitribh na gcuideachtaí seo a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí de chuid an Aontais

— EJ Picardie SAS, an Fhrainc

— MeierGuss GmbH & Co. KG, an Ghearmáin

— Fundiciones de Odena SA., an Spáinn.

([7]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2648

1.3.6. *An nós imeachta ina dhiaidh sin*

(23) An 18 Nollaig 2023, nocht an Coimisiún na fíorais bhunriachtanacha agus na breithnithe bunriachtanacha ar ar a mbonn a bhfuil sé beartaithe aige na dleachtanna frithdhumpála a choinneáil i bhfeidhm. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(24) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha arna dtabhairt ag na páirtithe leasmhara agus cuireadh san áireamh iad, i gcás inarbh iomchuí. As na páirtithe a thug barúlacha, ba é Eurofonte an t-aon pháirtí a thacaigh le torthaí an Choimisiúin. Níor iarradh aon éisteachtaí.

2. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL

2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(25) Is é an táirge atá faoi réir an athbhreithnithe seo earraí áirithe d'iarann teilgthe graifíte lannóg (ar a dtugtar iarann teilgthe liath freisin) nó d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí (ar a dtugtar iarann teilgthe insínte freisin), agus codanna de na hearraí sin. Tá na hearraí sin de chineál a úsáidtear mar a leanas:

— chun córais talún nó córais faoi dhromchla, agus/nó oscailtí chuig córais talún nó córais faoi dhromchla, a chlúdach, agus freisin

— chun rochtain ar chórais talún nó ar chórais faoi dhromchla a sholáthar agus/nó chun radharc ar chórais talún nó ar chórais faoi dhromchla a sholáthar.

(26) Is féidir na hearraí a bheith meaisínithe, brataithe, péinteáilte agus/nó feistithe le hábhair eile amhail, coincréit, leaca pábhála, nó tíleanna, ach gan a bheith teoranta dóibh ('an táirge faoi athbhreithniú').

(27) Tá na cineálacha táirgí a leanas eisiata ón sainmhíniú ar an táirge faoi athbhreithniú:

— grátaí cainéil agus bairr theilgthe atá faoi réir chaighdeán EN 1433 agus atá le feistiú mar chomhpháirt ar chainéil pholaiméire, phlaistigh, cruach ghalbhánaithe nó choincréit chun a ligean d'uisce dromchla sreabhadh isteach sa chainéal,

— draenacha urláir, draenacha dín, oscailtí glantacháin agus clúdaigh d'oscailtí glantacháin atá faoi réir chaighdeán EN 1253,

— iarainn runga, eochracha ardaithe, agus hiodraint dóiteáin.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(28) Is é an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú ar an athbhreithniú éaga an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7325 10 00 agus ex 7325 99 10 (cóid TARIC 7325 10 00 31 agus 7325 99 10 60).

2.3. **An táirge comhchosúil**

(29) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú ar an athbhreithniú éaga sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin leis an gcuid eile den domhan; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(30) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Réamhbharúlacha**

(31) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, lean allmhairí earraí áirithe d'iarann teilgthe ó Dhaon-Phoblacht na Síne ar aghaidh, cé go raibh na hallmhairí ar leibhéil ní b'ísle ná mar a bhí i dtréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh (i.e. ón 1 Deireadh Fómhair 2015 go 30 Meán Fómhair 2016). De réir Eurostat, thart ar 4,7 % d'allmhairí táirgí d'iarann teilgthe isteach i margadh an Aontais i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ba ó Dhaon-Phoblacht na Síne a tháinig siad, i gcomparáid le sciar 27,3 % den mhargadh le linn an imscrúdúcháin bunaidh. I ndearbhthéarmaí, tháinig laghdú ar mhéid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ó 147 186 thona i dtréimhse an imscrúdaithe bunaidh go 22 146 thona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(32) Mar a luaitear in aithris (20), níor chomhoibrigh aon cheann de na honnmhaireoirí ná na táirgeoirí ón tSín san imscrúdú. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún in iúl d'údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhoibriú, Airteagal 18 den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí i dtaca le Daon-Phoblacht na Síne. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.

(33) Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, bhí na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís bunaithe ar na fíorais a bhí ar fáil, go háirithe an fhaisnéis a cuireadh isteach leis an iarraidh ar an athbhreithniú éaga, agus an fhaisnéis a fuarthas ó pháirtithe comhoibríocha le linn imscrúdú an athbhreithnithe (mar atá, an t-iarratasóir agus táirgeoirí sampláilte an Aontais).

3.2. **An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán le haghaidh allmhairí earraí áirithe d'iarann teilgthe de thionscnamh na Síne**

(34) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú agus go bhféadfaí a thaispeáint, maidir leis an tSín, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(35) An fhaisnéis a mheas sé a bheith riachtanach dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, chun an fhaisnéis sin a fháil, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne.. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar gach páirtí leasmhar a chuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán agus sin a dhéanamh laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa tSín.

(36) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé gur ghá dó tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, chun an gnáthluach a chinneadh ar bhonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(37) An 31 Bealtaine 2023, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas le nóta a ghabh leis an gcomhad maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh, agus gurbh í an Tuirc an tír ionadaíoch. Sa nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear chun earraí áirithe d'iarann teilgthe a tháirgeadh. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go suífeadh sé costais díola, ghinearálta agus riaracháin ('SG&A') agus brabúis

bunaithe ar ráitis airgeadais chomhiomlánaithe ó Staitisticí maidir le Cuntais Cuideachtaí ([8]) le haghaidh 892 chuideachta bhrabúsacha atá gníomhach san Aicmiú Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha, dá ngairtear NACE i gcoitinne, catagóir 24.5 'earraí iarainn theilgthe de mhiotail', táirgeoirí sa tír ionadaíoch, arna dtiomsú ag Banc Ceannais na Tuirce agus ag Institiúid Staidrimh na Tuirce. Ní bhfuarthas aon bharúil.

3.3. **Gnáthluach**

(38) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, 'beidh an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir'.

(39) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall go bhfuil saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a thógáil go heisiach ar bhonn costas táirgthe agus díolachán ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa', agus 'áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnach de chostais díola, ghinearálta agus riaracháin agus i gcomhair brabús' ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais díola, ghinearálta agus riaracháin').

(40) Mar a mhínítear tuilleadh thíos, bhain an Coimisiún de thátal as an imscrúdú reatha, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don easpa comhoibrithe ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

3.3.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(41) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí a bhain leis an earnáil cruach i nDaon-Phoblacht na Síne ([9]), shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán.

(42) Sna himscrúduithe sin, shuigh an Coimisiún gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([10]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur san earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhar í chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([11]), ach ina theannta sin, go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar

([8]) Staitisticí maidir le Cuntais Cuideachtaí, le fáil ag https://www3.tcmb.gov.tr/sektor/#/en.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún an 11 Iúil 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí plátaí ceannbheannacha cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Tuirce (IO L 177, 12.7.2023, lch. 63); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2023 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí ceaigeanna cruach dosmálta in-athlíonta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 10, 12.1.2023, lch. 36); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí cruach cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Chónaidhm na Rúise, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 27.10.2022, lch. 149); Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí ceanglóirí iarainn nó cruach áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí feisteas áirithe feadáin agus píopaí, as iarann nó as cruach a chuirtear chun bealaigh ón Téaváin, ón Indinéis, ó Shrí Lanca agus ó na hOileáin Fhilipíneacha a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 25.1.2022, lch. 36).

([10]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 66, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 58; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 80; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 208, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 59.

([11]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444 ón gCoimisiún, aithris 45, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 38; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 192, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 46.

phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([12]). Shuigh an Coimisiún thairis sin go bhfuil éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus idirghabháil ón Stát sna margaí airgeadais, agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála sa tSín, fágann sé go mbíonn acmhainní á gcomhchruinniú in earnálacha atá ainmnithe ag Rialtas na Síne mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([13]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád sócmhainneach agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([14]). Ar an gcaoi chéanna, shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil cruach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([15]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar ghníomhaithe corparáideacha caipiteal i nDaon-Phoblacht na Síne ([16]).

(43) Mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil iarainn agus cruach sa tSín, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tSín, i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún é sin ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá san iarratas, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin freisin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála ([17]) ('Tuarascáil'), rud a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gur ann do shaobhadh suntasach sa tSín, mar a cinneadh freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(44) Rinneadh an líomhain san iarraidh go mbíonn tionchar forleathan ag idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas ar gheilleagar na Síne, ina iomláine, agus go ndéanann na hidirghabhálacha sin difear dó ar bhonn forleathan, agus nach féidir úsáid a bhaint as praghsanna agus costais intíre thionscal cruach na Síne san imscrúdú seo i bhfianaise an mhéid sin.

([12]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 58; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 40; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 66; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithrisí 193-194, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 47. An ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomh-phearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, cé go bhféadfaí a mheas gur léiriú an ceart sin ar na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó, is é atá sna cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair atá faoi úinéireacht an stáit agus fhiontair phríobháideacha, modh tábhachtach eile trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachtaí na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar na cuideachtaí sin ligean d'eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh de na cuideachtaí lena mbaineann siad. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([13]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 59; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 43; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 68; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithrisí 195-201, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithrisí 48-52.

([14]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 62; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 52; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 74; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 202, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 53.

([15]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 45; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 33; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 75; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 203, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 54.

([16]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 54; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068, aithris 76; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191, aithris 204, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95, aithris 55.

([17]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD (2017) 483 final/2, 20. 12. 2017, le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2017)483&lang=en

(45) Go sonrach, tugadh le fios san iarraidh ar chúlra an teagaisc maidir le 'geilleagar an mhargaidh shóisialaigh' atá daingnithe i mBunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne, uileláithreacht Pháirtí Cumannach na Síne ('CCP') agus tionchar an rialtais ar an ngeilleagar trí mheán tionscnaimh pleanála straitéiseacha, tagann idirghabhálachas Rialtas na Síne i bhfoirmeacha éagsúla, eadhon idirghabhálacha riaracháin, airgeadais agus rialála. Dá dheasca sin, cinneadh leis an iarratas, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre maidir le hiarann teilgthe lena n-úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach déantar costais na n-ionchur uile a shaobhadh freisin, lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú nó lucht saothair, toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú freisin.

(46) Soláthraíodh samplaí san iarraidh de ghnéithe lena léirítear gur ann do shaobhadh, mar a liostaítear sa chéad dais go dtí an séú dais d'Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Go háirithe, agus tagairt á déanamh do roinnt foinsí faisnéise atá ar fáil go poiblí, amhail an Tuarascáil, imscrúduithe an Choimisiúin roimhe seo san earnáil cruach, reachtaíocht na Síne, mar aon le foinsí breise, d'áitigh an t-iarratasóir:

— Ní hamháin go ndéanann Stát na Síne beartais eacnamaíocha ghinearálta fiontar aonair faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus go ndéanann sé faireachán ar a gcur chun feidhme, ach éilíonn sé a chearta freisin le bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht oibríochta fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit. Déantar é sin de ghnáth trí ghrúpa meánbhainistíochta a bhogadh idir údaráis an rialtais agus fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, trí chomhaltaí an pháirtí a bheith rannpháirteach i gcomhlachtaí feidhmiúcháin fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit agus cealla páirtí i gcuideachtaí, agus trí struchtúr corparáideach na hearnála a mhúnlú freisin. Mar chúiteamh air sin, baineann fiontair faoi úinéireacht an Stáit leas as stádas ar leith laistigh de gheilleagar na Síne. Cuimsítear sa stádas sin roinnt buntáistí eacnamaíocha, go háirithe cosaint ó iomaíochas agus rochtain tosaíochta ar ionchuir ábhartha, lena n-áirítear maoiniú, talamh agus fuinneamh. An rialú agus an faireachán sin ar bheartais, is rud é atá an-phráinneach go háirithe san earnáil cruach, a bhfuil cuid mhór di faoi úinéireacht Rialtas na Síne fós agus arb é is aidhm dó 60 % den táirgeacht iarainn agus cruach a chomhdhlúthú i measc deich bhfiontar mhóra, nó thart air sin, faoi 2025.

— I bhfianaise infheidhmeacht ghinearálta na reachtaíochta maidir le láithreacht Pháirtí Cumannach na Síne i gcuideachtaí, cumas Rialtas na Síne cur isteach ar phraghsanna agus costais trí láithreacht an Stáit i ngnólachtaí, ní féidir glacadh leis go mbeadh an cumas sin difriúil i ndáil leis an táirge faoi athbhreithniú i gcomparáid leis an earnáil cruach i gcoitinne. Dá bhrí sin tá Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí, go háirithe trí chealla Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, i bhfiontair faoi úinéireacht stáit agus i bhfiontair phríobháideacha chomh maith céanna, lena n-áirítear i leith táirgeoirí iarainn theilgthe agus soláthraithe a gcuid ionchur.

— Tá éifeacht saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais, agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Mar shampla, leis an 13ú agus an 14ú Plean Cúig Bliana, cuireadh bearta i bhfeidhm lena gcuirtear ar a chumas do Rialtas na Síne soláthar, dáileadh agus úinéireacht amhábhar a mhéadú agus a rialú, mar atá, trí shrianta ar mhéideanna onnmhairí agus trí chóras ceadúnúcháin onnmhairiúcháin taobh le srianta infheistíochta lena gcuirtear brú anuas ar na praghsanna intíre agus lena gcuirtear ar a chumas don tionscal iartheachtach rochtain a fháil ar amhábhair níos saoire, rud a chuireann bac ar fhórsaí margaidh oibriú mar is gnách. Go sonrach, suíodh gurbh amhlaidh an cás i margadh na n-amhábhar déanta cruach agus i leith an amhiarainn chomh maith céanna, ar príomhionchuir réamhtheachtacha iad araon don táirge faoi athbhreithniú. Thairis sin, d'fhorchuir an tSín taraifí onnmhairiúcháin le déanaí agus chuir lacáistí CBL i bhfeidhm a bhain le, *inter alia*, dramhchruach, muciarann, amhchruach, amhábhair chruach athchúrsáilte agus fearócróm, ar príomh-amhábhair iad uile don táirge faoi athbhreithniú.

— Ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála faoi úinéireacht an Stáit ar chóras airgeadais na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith. Thairis sin, déantar rátálacha bannaí agus creidmheasa a shaobhadh go minic ar chúiseanna éagsúla lena n-áirítear an tionchar, atá ag tábhacht straitéiseach an ghnólachta do Rialtas na Síne, ar an measúnú riosca – rud a fhágann go bhfuil cuideachtaí 'zombaí' i láthair a dhéanann an mí-leithdháileadh caipitil níos measa fós – agus a bhaineann de neart aon ráthaíochta intuigthe ón rialtas. Ina theannta sin, coinníodh costais iasachtaíochta íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh, rud a d'fhág gur baineadh úsáid iomarcach as infheistíocht chaipitil le torthaí níos ísle agus níos ísle i gcónaí ar an infheistíocht agus gan aon chomhartha ann go bhfuil creidmheas ag éirí níos doichte.

— Cuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostaithe ina gcearta maidir le comheagrú agus cuirtear srianadh ar shoghluaisteacht de bharr chóras clárúcháin teaghlaigh *hukou*, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile. Dá bharr sin, déantar saobhadh ar chostais pá mar gheall nach dtagann siad as gnáthfhórsaí margaidh ná idirbheartaíocht idir cuideachtaí agus an lucht saothair.

— Le beartas fuinnimh Rialtas na Síne, tugtar an iomarca dreasachtaí ar mhaithe le gual a tháirgeadh, rud a úsáidtear i dtáirgeadh earraí d'iarann teilgthe, agus déantar praghas na n-earraí sin sa tSín a shaobhadh dá réir sin.

— Ina theannta sin, tá leithdháileadh tosaíochta na n-acmhainní ar tháirgeoirí intíre ar leith follasach i ndáil leis an úinéireacht talún agus le cearta úsáide talún sa tSín go háirithe, mar tá an talamh uile faoi úinéireacht an Stáit, agus is ar an Stát amháin a bhraitheann leithdháileadh na talún agus is minic a shaothraíonn údaráis spriocanna polaitiúla lena n-áirítear na pleananna eacnamaíocha a chur chun feidhme – mar a leagtar síos sa 13ú Plean Cúig Bliana – agus talamh á leithdháileadh.

(47) Mar chonclúid, ba é seasamh na hiarrata nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an tsaothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Ar an mbonn sin, de réir na hiarrata, níl sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin.

(48) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an t-iarratasóir, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist.

(49) Go sonrach, is ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán in earnáil an táirge faoi athbhreithniú, i.e. an earnáil iarainn agus cruach. Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí san earnáil faoi réir maoirseacht agus treorú beartais. Baineann na samplaí le Baowu Steel Group – ar cuideachta faoi úinéireacht stáit atá inti faoi SASAC lárnach ([18]) - agus a fochuideachtaí Chongqing Iron & Steel Company Ltd ([19]). agus Maanshan Iron & Steel Company Limited ([20]); Baotou Steel Group - cuideachta faoi úinéireacht stáit ar le Rialtas na hIon-Mhongóile í ([21]) -, Angang Steel Group – cuideachta faoi úinéireacht stáit faoi SASAC lárnach ([22]), mar aon le Shougang Group – cuideachta faoi úinéireacht stáit ar le Beijing State-Owned Asset Management Ltd 100 % di. ([23]) Ó tharla nach bhfuarthas aon chomhoibriú ó onnmhaireoirí an táirge faoi athbhreithniú sa tSín, níorbh fhéidir cóimheas cruinn na dtáirgeoirí príobháideacha agus na dtáirgeoirí faoi úinéireacht stáit a dhearbhú. Cé nach bhfuil faisnéis shonrach ar fáil maidir leis an táirge faoi athbhreithniú, is é atá san earnáil fo-earnáil den tionscal iarainn agus cruach, agus dá bhrí sin meastar na torthaí maidir leis an earnáil iarainn agus cruach a bheith táscach freisin i dtaca leis an táirge faoi athbhreithniú.

(50) Deimhnítear sna doiciméid bheartais is déanaí de chuid na Síne maidir leis an earnáil iarainn agus cruach an tábhacht leanúnach a leagann Rialtas na Síne ar an earnáil, lena n-áirítear an rún chun idirghabháil a dhéanamh san earnáil d'fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Léirítear an méid sin le dréacht-Tuairim Threorach na hAireachta Tionsclaíochta agus Faisnéise Teicneolaíochta maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Cruach a Chothú ina n-éilítear comhdhlúthú breise an bhoinn thionsclaíoch agus feabhsú suntasach ar leibhéal nuachóiriúcháin an tslabhra thionsclaíoch ([24]), leis an 14ú Plean Cúig Bliana maidir leis an Tionscal Amhábhar a Fhorbairt, ar dá réir a chloífidh an earnáil 'le ceannaireacht mhargaidh agus le cur chun cinn an rialtais araon' agus a dhéanfaidh sí 'grúpa cuideachtaí forásacha a shaothrú ag a bhfuil ceannaireacht éiceolaíochta agus croí-iomaíochas' ([25]), nó le Plean Oibre 2023 maidir le Fás Cobhsaí an Tionscail Cruach ([26]) lena leagtar síos na cuspóirí

([18]) Féach: http://wap.sasac.gov.cn/n2588045/n27271785/n27271792/c14159097/content.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([19]) Féach: www.cqgt.cn (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([20]) Féach: www.cqgt.cn (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([21]) Féach: https://www.qixin.com/company/ab02483a-5ed7-49fe-b6e6-8ea39dc4dc80 (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([22]) Féach: http://www.ansteel.cn/about/company_profile/ (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([23]) Féach: https://www.qcc.com/firm/d620835aaae14e62fdc965fd41a51d8d.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([24]) Féach: https://www.gov.cn/zhengce/zhengceku/2022-02/08/content_5672513.htm (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([25]) Féach Roinn IV, Foroinn 3 den 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt.
([26]) Féach: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2023/art_2a4233d696984ab59610e7498e333920.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

seo a leanas: 'In 2023, […]coinneofar fás cobhsaí ar bun ó thaobh na hinfheistíochta i sócmhainní seasta sa tionscal ar fad, agus beidh feabhas suntasach curtha ar na tairbhí eacnamaíocha; sroichfidh an infheistíocht ón tionscal sa Taighde agus Forbairt 1,5 % ar deireadh; sroichfidh fás breisluacha an tionscail thart faoi 3,5 %; in 2024, déanfar timpeallacht forbartha an tionscail agus struchtúr an tionscail a bharrfheabhsú a thuilleadh, leanfar den aistriú chuig táirgí glasa, cliste agus ardleibhéil agus sáróidh fás breisluacha an tionscadail 4 %', agus ar plean oibre é lena ndéantar foráil maidir le comhdhlúthú corparáideach na hearnála cruach, arna shainordú ag an rialtas: '[f]iontair atá ar thús cadhnaíochta sa tionscal a spreagadh chun cumaisc agus éadálacha a chur chun feidhme, grúpaí fiontar iarainn agus cruach a thógáil a bheidh den chéad scoth agus ollmhór, agus leagan amach optamach na hacmhainneachta táirgthe náisiúnta iarainn agus cruach a chothú. Tacú le fiontair speisialaithe ag a bhfuil cumhacht cheannaireachta go háirithe deighleoga an mhargaidh cruach chun acmhainní a lánpháirtiú a thuilleadh agus éiceachóras tionscail cruach a chruthú. Fiontair iarainn agus cruach a spreagadh chun […] cumaisc agus atheagrú […] trasréigiúnach a dhéanamh. Cuimhneamh ar níos mó tacaíochta a thabhairt ó thaobh beartais de ar mhaithe le hathsholáthar na hacmhainneachta d'fhiontair iarainn agus cruach a bhfuil cumais agus atheagrú substainteach curtha i gcrích acu.'

(51) Samplaí den chineál céanna de rún údaráis na Síne faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí na hearnála agus treoir a thabhairt di, is féidir iad a fheiceáil ag an leibhéal cúige, mar shampla in Hebei ina bhfuil sé beartaithe 'forbairt grúpa eagraíochtaí a chur i bhfeidhm go seasta, dlús a chur le hathchóiriú úinéireachta measctha fiontar faoi úinéireacht an stáit, díriú ar chumasc tras-réigiúnach agus atheagrú fiontar príobháideach iarainn agus cruach a chur chun cinn, agus iarracht a dhéanamh 1-2 ghrúpa mhóra dhomhanda den chéad scoth a bhunú, 3-5 ghrúpa mhóra le tionchar intíre mar thacaíocht' agus chun 'bealaí athchúrsála agus cúrsaíochta na drámhchruach a leathnú tuilleadh, scagadh agus aicmiú drámhchruach a neartú.' ([27]) Thairis sin, luaitear i bplean Hebei san earnáil cruach: 'Cloígh le coigeartú struchtúrach agus cuir éagsúlú táirge i dtábhacht. Coigeartú struchtúrach agus barrfheabhsú leagan amach an tionscail iarainn agus cruach a chur chun cinn go docht, comhdhlúthú, atheagrú, claochlú agus uasghrádú fiontar a chur chun cinn, agus forbairt an tionscail iarainn agus cruach a chur chun cinn go cuimsitheach i dtreo fiontair ar mhórscála, nuachóiriú trealamh teicniúil, éagsúlú próiseas táirgthe, agus éagsúlú táirgí iartheachtacha'.

(52) Ar an gcaoi chéanna, déantar foráil i bPlean Forfheidhmithe Henan maidir leis an Tionscal Cruach a Athrú agus Uasghrádú le linn an 14ú Plean 5 Bliana 'bunáiteanna táirgeachta cruach tréithiúla a thógáil […], tógáil 6 bhunáit táirgeachta cruach saintréithe in Anyang, Jiyuan, Pingdingshan, Xinyang, Shangqiu, Zhouou, etc., agus feabhas a chur ar scála, diansaothrú, speisialtóireacht agus speisialtóireacht an tionscail. Ina measc, faoi 2025, déanfar acmhainneacht táirgeachta muciarainn in Anyang a rialú laistigh de 14 mhilliún tonna, agus déanfar acmhainneacht táirgeachta amhchruach a rialú laistigh de 15 mhilliún tonna' ([28]).

(53) Tá tuilleadh cuspóirí beartais thionsclaíoch le feiceáil freisin i ndoiciméid phleanála na gcúigí eile, amhail Jiangsu ([29]), Shandong ([30]), Shanxi ([31]), Liaoning Dalian ([32]) nó Zhejiang ([33]).

([27]) Féach Plean Gníomhaíochta 3 Bliana Chúige Hebei maidir le Forbairt Braislí i Slabhra an Tionscail Cruach, Caibidil I, Roinn 3; ar fáil ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20200717/1089773.shtml (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([28]) Féach Plean Forfheidhmithe Henan maidir le hAthchóiriú agus Uasghrádú a dhéanamh ar an Tionscail Cruach le linn an 14ú Plean 5 Bliana, Caibidil II, Roinn 3; ar fáil ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211210/1192881.shtml (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([29]) Plean Oibre Chúige Jiangsu maidir leis an Earnáil Cruach a Athchóiriú agus a Uasghrádú agus Optamú a dhéanamh ar an Leagan Amach 2019-2025; le fáil ag:http://www.jiangsu.gov.cn/art/2019/5/5/art_46144_8322422.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([30]) An 14ú Plean 5 Bliana do Chúige Shandong maidir leis an Tionscal Cruach a fhorbairt; le fáil ag:http://gxt.shandong.gov.cn/art/2021/11/18/art_15681_10296246.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([31]) Plean Gníomhaíochta 2020 Chúige Shanxi maidir leis an Tionscal Cruach a Athrú agus a Uasghrádú; le fáil ag:http://gxt.shanxi.gov.cn/zfxxgk/zfxxgkml/cl/202110/t20211018_2708031.shtml (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([32]) An 14ú Plean 5 Bliana de chuid Bhardas Liaoning Dalian chun Tionscal Monaraíochta a Fhorbairt: 'Faoi 2025, sroichfidh luach aschuir thionsclaíoch na n-amhábhar nua 15 mhilliún yuan, agus is léir go bhfuil feabhas tagtha ar chumas ráthaíochta trealaimh agus príomhábhair.'; le fáil ag:https://www.dl.gov.cn/art/2021/12/20/art_854_1995411.html (arna rochtain an 5 Nollaig 2022).

([33]) Plean Gníomhaíochta Chúige Zhejiang chun Forbairt Ardchaighdeáin ar an Tionscal Cruach a Chothú: 'Cumaisc agus atheagrú fiontair a chothú, an próiseas comhchruinnithe a luathú, líon na bhfiontar bruithnithe cruach a laghdú go dtí thart ar 10 bhfiontar'; le fáil ag: https://www.dl.gov.cn/art/2021/12/20/art_854_1995411.html (arna rochtain an 5 Nollaig 2022).

(54) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht an Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, de bharr na heaspa comhair ar thaobh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, níorbh fhéidir a shuí gur ann do cheangail phearsanta idir táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus Páirtí Cumannach na Síne. Mar sin féin, tá roinnt samplaí sonracha ar fáil a bhaineann leis an táirge faoi athbhreithniú. Thairis sin, ós rud é go bhfuil an táirge faoi athbhreithniú ina fho-earnáil den earnáil miotail, tá an fhaisnéis atá ar fáil maidir le táirgeoirí cruach ábhartha freisin don táirge faoi athbhreithniú.

(55) Mar shampla, cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Baotou Steel Union, ar le Baotou Steel Group é, fónann sé mar rúnaí Páirtí na cuideachta freisin, agus is é an leasrúnaí Páirtí é cathaoirleach cheardchumann na cuideachta. ([34]) Ar an gcaoi chéanna, laistigh de Shougang Group, fónann cathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí mar rúnaí Choiste an Pháirtí agus tá an Leas-Bhainisteoir Feidhmiúcháin ina chomhalta de Choiste an Pháirtí ([35]). Ar an gcaoi chéanna, dúirt duine a bhfuil ról ceannais aige in Hongguang Handan Company go poiblí gurbh amhlaidh nach mbeadh an rath céanna ar an ngnóthas agus a bhí, gan an aire agus an tacaíocht, go háirithe trí ráthaíochtaí, a sholáthair Rialtas na Síne agus Páirtí Cumannach na Síne, a bhfuil baint acu le breis agus 20 comhalta in Hongguang Casting Co. Ltd., ([36]). Tá sampla eile den dílseacht do Pháirtí Cumannach na Síne le fáil in Airteagal 3 d'Airteagail Chomhlachas Teilgcheárta na Síne, ar dá bhun a nglactar le treoraíocht, maoirseacht agus bainistíocht ghnó ó eintitis an pháirtí faoi seach, e.g. SASAC agus an Aireacht Gnóthaí Sibhialta, agus lena soláthraítear na dálaí riachtanacha le haghaidh a rannpháirtíochta ([37]).

(56) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil an táirge faoi athbhreithniú lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Sainaithníodh san imscrúdú doiciméid bhreise inar léiríodh go dtairbhíonn an tionscal de threoraíocht agus d'idirghabháil ón rialtas san earnáil iarainn agus cruach, i bhfianaise gur ceann dá fo-earnálacha é an táirge faoi athbhreithniú.

(57) Measann Rialtas na Síne gur tionscal ríthábhachtach é an tionscal iarainn agus cruach i gcónaí ([38]). Deimhnítear é sin san iliomad pleananna, treoracha agus doiciméid eile atá dírithe ar an earnáil, pleananna, treoracha agus doiciméid a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach. De réir an 14ú Plean 5 Bliana, chuir Rialtas na Síne an tionscal iarainn agus cruach in áirithe lena chlaochlú agus lena uasghrádú, chomh maith lena bharrfheabhsú agus lena choigeartú ar bhonn struchtúrach ([39]). Ar an gcaoi chéanna, liostaítear an earnáil sa 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, plean is infheidhme freisin maidir leis an tionscal iarainn agus cruach, mar '*bhunchloch an fhíorgheilleagair*' agus mar '*phríomhréimse lena múnlaítear buntáiste iomaíoch idirnáisiúnta na Síne*' agus leagtar amach leis roinnt cuspóirí agus modhanna oibre a spreagfadh forbairt na hearnála cruach sa tréimhse ama 2021-2025, amhail uasghrádú teicneolaíochta, feabhas a chur ar struchtúr na hearnála (trí thuilleadh comhchruinnithe corparáideacha ar a laghad) nó an t-aistriú digiteach ([40]). Thairis sin, an Plean Oibre thuasluaite maidir le Fás Cobhsaí an Tionscail Cruach (féach aithris (50)), léirítear an bealach a chuirtear fócas údaráis na Síne ar an earnáil sa chomhthéacs níos leithne a bhaineann le stiúradh Rialtas na Síne ar gheilleagar na Síne: '[t]acú le cuideachtaí cruach chun na riachtanais a bhaineann le bonneagar nua, uirbiú nua, athbheochan tuaithe, agus tionscail atá ag teacht chun cinn a leanúint go dlúth, nascadh le mórthionscadail innealtóireachta a bhaineann leis an '14ú Plean Cúig Bliana' i réigiúin éagsúla, agus gach dícheall a dhéanamh chun an soláthar cruach a áirithiú. Sásraí comhair réamhtheachtacha agus iartheachtacha a bhunú agus a dhoimhniú idir earnálacha cruach agus príomhearnálacha a úsáideann cruach amhail an longthógáil, iompar, tógáil, fuinneamh, mótarfheithiclí, fearais teaghlaigh, innealra talmhaíochta, agus trealamh trom, gníomhaíochtaí a dhéanamh chun táirgeadh a nascadh le héilimh, agus réimsí ina gcuirtear an cruach i bhfeidhm a leathnú go gníomhach' ([41]).

([34]) Féach:https://www.baoganggf.com/ggry (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([35]) Féach: https://www.shougang.com.cn/sgweb/html/gsld.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([36]) Féach: https://www.handannews.com.cn/news/content/2023-05/20/content_20113749.html (arna rochtain an 9 Deireadh Fómhair 2023).
([37]) Féach: https://foundry.org.cn/%e5%8d%8f%e4%bc%9a%e7%ab%a0%e7%a8%8b (arna rochtain an 9 Deireadh Fómhair 2023).
([38]) Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 14, lgh. 346 ff.
([39]) Féach 14ú Plean 5 Bliana Dhaon-Phoblacht na Sine maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus Cuspóirí Fadraoin do 2035, Cuid III, Airteagal VIII, le fáil ag:https://cset.georgetown.edu/publication/china-14th-five-year-plan/ (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).
([40]) Féach go háirithe Ranna I agus II den 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt.
([41]) Féach: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2023/art_2a4233d696984ab59610e7498e333920.html (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

(58) Ina theannta sin, i leith an amhiarainn – arb amhábhar é a úsáidtear chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh – de réir an 14ú Plean Cúig Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, tá sé beartaithe ag an Stát 'acmhainní mianraí intíre a fhorbairt go réasúnach. Taiscéalaíocht amhiarainn a neartú […], beartais chánach fhabhracha a chur i bhfeidhm, glacadh ardteicneolaíochta agus trealaimh ardleibhéil a spreagadh chun giniúint dramhaíola soladaí mianadóireachta a laghdú' ([42]), rud a fhágfaidh go mbunófar córas le haghaidh chúlchistí an aschuir amhiarainn agus na dtailte mianraí, córas a bheidh 'ina bheart tábhachtach chun praghas margaidh an amhiarainn a chobhsú agus sábháilteacht an tslabhra tionsclaíoch a áirithiú' ([43]). I gcúigí, amhail Hebei, déanann na húdaráis foráil maidir leis an méid seo a leanas don earnáil: fóirdheontas lascaine le haghaidh infheistíochta i dtionscadail nua; institiúidí airgeadais a iniúchadh agus a threorú chun iasachtaí ar ús íseal a sholáthar d'fhiontair iarainn agus cruach chun aistriú chuig tionscail nua, agus an tráth céanna, cuirfidh an rialtas fóirdheontais lascaine ar fáil' ([44]). Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh na bpríomh-amhábhar a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(59) Maidir leis an táirge faoi athbhreithniú, déanann an saobhadh ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, difear dó freisin, rud dá dtagraítear thuas in aithrisí (42) agus (46) freisin. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne) ([45]).

(60) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú seo lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge faoi athbhreithniú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithrisí (42) agus (46) freisin. An Plean Oibre thuasluaite maidir le Fás Cobhsaí an Tionscail Cruach (féach aithris (50)), léiríonn sé an cineál idirghabhála sin ón rialtas go han-mhaith freisin: 'Institiúidí airgeadais a spreagadh chun seirbhísí airgeadais a sholáthar go gníomhach do chuideachtaí cruach, ar cuideachtaí iad a chuireann cumaisc agus atheagrú, coigeartuithe ar an leagan amach, claochlú agus uasghrádú chun feidhme, i gcomhréir le prionsabail i dtaca le rialú riosca agus inbhuanaitheacht ghnó.' Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach ón rialtas sa chóras airgeadais.

(61) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(62) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi athbhreithniú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le feiceáil ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh sa tSín trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

([42]) Féach an 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, lch. 22.

([43]) Féach: https://en.ndrc.gov.cn/news/mediarusources/202203/t20220325_1320408.html (arna rochtain an 5 Deireadh Fómhair 2023).

([44]) Féach Plean Gníomhaíochta Bhardas Hebei Tangshan maidir le Cruach agus Iarainn 1 + 3 2022, Caibidil 4, Roinn 2; le fáil ag: http://www.chinaisa.org.cn/gxportal/xfgl/portal/content.html?articleId=e2bb5519aa49b566863081d57aea9dfdd59e1a4f482bb7acd243e3ae7657c70b&columnId=3683d857cc4577e4cb75f76522b7b82cda039ef70be46ee37f9385ed3198f68a (arna rochtain an 13 Meán Fómhair 2023).

([45]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1444, aithris 63, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/100, aithris 33.

(63) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar fhórsaí an mhargaidh shaoir iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an tsaothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a bhunú go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, mar a tuairiscíodh sa roinn seo a leanas.

(64) Níor thug Rialtas na Síne aon fhianaise ná argóint ina choinne sin san imscrúdú atá ann faoi láthair.

3.3.2. *Tír ionadaíoch*

3.3.2.1. Barúlacha ginearálta

(65) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil leis an tSín ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([46]);

— Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([47]);

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(66) Mar a mhínítear in aithris (37), d'eisigh an Coimisiún nóta a ghabh leis an gcomhad maidir leis na foinsí chun an gnáthluach a shuí an 31 Bealtaine 2023. Sa nóta sin, tuairiscíodh na fíorais agus an fhianaise is bun leis na critéir ábhartha, cuireadh na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn aige an Tuirc a bhreithniú mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás reatha dá mba rud é go ndeimhneofaí gurbh ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(67) I gcomhréir leis na critéir a liostaítear faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, shainaithin an Coimisiún an Tuirc mar thír a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche aici atá cosúil leis an tSín. Aicmíonn an Banc Domhanda an Tuirc mar thír ar 'ioncam meánach uachtarach' ar bhonn ollioncam náisiúnta. Thairis sin, sainaithníodh an Tuirc mar thír ina bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh agus ina raibh sonraí ábhartha ar fáil go héasca.

(68) Ar deireadh, de bharr ar an easpa comhoibrithe agus tar éis a shuí go raibh an Tuirc ina tír ionadaíoch iomchuí, bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá le measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

3.3.2.2. Conclúid

(69) In éagmais comhair, mar a moladh san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus ós rud é gur chomhlíon an Cholóim na critéir atá leagtha síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, roghnaigh an Coimisiún an Cholóim mar an tír ionadaíoch iomchuí.

([46]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

([47]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar féachaint ar tháirgeadh táirge san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus atá an táirge faoi athbhreithniú.

3.3.3. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(70) Sa nóta maidir le foinsí ábhartha le húsáid chun an gnáthluach a chinneadh, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann táirgeoirí an Aontais i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú, bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga, a tugadh cothrom le dáta go cuí i gcás ina raibh faisnéis ní ba chruinne ar fáil. Luaigh an Coimisiún freisin, d'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé Atlas Trádála Domhanda ('GTA') ([48]) chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, go sonrach na hamhábhair. Ina theannta sin, dúirt an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé faisnéis ó: Institiúid Staidrimh na Tuirce ([49]) chun costais neamhshaofa leictreachais, gáis agus saothair a shuí, Oifig Infheistíochta na Tuirce ([50]) i gcás an uisce agus ó Tuirc Petrolleri ([51]) i gcás an bhreosla.

Tar éis an nóta a nochtadh maidir le foinsí ábhartha le húsáid chun an gnáthluach a chinneadh, shuigh an Coimisiún go raibh méadú i bhfad níos mó ar phraghsanna an leictreachais agus an gháis nádúrtha sa Tuirc ná mar a bhí ar an ráta boilscithe sa Tuirc. Ina theannta sin, níor fhoilsigh Institiúid Staidrimh na Tuirce an fhaisnéis maidir le praghsanna leictreachais agus gáis nádúrtha sa dara leath de 2022. Dá bhrí sin, bheartaigh an Coimisiún costais neamhshaofa an leictreachais agus an gháis nádúrtha sa Mhalaeisia a úsáid, mar a leagtar amach in aithris (81). Go deimhin, is tír í an Mhalaeisia ag a bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín. Ina theannta sin, úsáideadh í mar thír ionadaíoch in imscrúduithe cosúla eile.

(71) Chuir an Coimisiún in iúl freisin, chun costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús a shuí, go n-úsáidfeadh sé na sonraí airgeadais ó Staitisticí na gCuntas Cuideachta le haghaidh 892 chuideachta a bhí gníomhach i gcatagóir NACE 24.5, mar a leagtar amach in aithris (37).

(72) Chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas thairis sin gurbh amhlaidh gur sciar beag, idir 1 agus 10 %, de chostais amhábhair iomlána i dtréimhse an imscrúdaithe athbhreithniúcháin a bhí i gceist le roinnt tosca táirgeachta aonaracha (amhail pacáistíocht, gabhálais agus páirteanna eile) le chéile. Dá bhrí sin bheartaigh an Coimisiún caitheamh leis na tosca táirgeachta eile sin mar 'tomhaltáin' agus rinne na tomhaltáin sin a shloinneadh mar chéatadán de chostas iomlán na n-amhábhar. Na tosca táirgeachta sin, ba iad 16 % agus 7 % de chostais iomlána na n-amhábhar iad i gcás táirgí iarainn insínte agus táirgí iarainn léith faoi seach.

(73) Ina theannta sin, chuir an Coimisiún san áireamh luach ar fhorchostais mhonaraíochta chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas. Shuigh an Coimisiún an cóimheas idir forchostais mhonaraíochta agus costais dhíreacha na monaraíochta, bunaithe ar shonraí tháirgeoirí an Aontais a chuir an t-iarratasóir ar fáil, lenar cuireadh faisnéis shonrach ar fáil chun na críche sin.

3.4. **Costais neamhshaofa agus tagarmharcanna**

3.4.1. *Tosca táirgeachta*

(74) I bhfianaise na faisnéise uile ar bhonn na hiarrata agus na faisnéise a bailíodh le linn an nós imeacht, sainaithníodh na tosca táirgeachta a leanas agus a gcuid foinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta earraí áirithe d'iarann teilgthe

Toisc tháirgeachta	Cód an tráchtearra	Luach neamhshaofa (CNY)	Aonad tomhais
Amhábhair			
Iarmhar d'Iarann nó de Chruach	72044910	3,31	KG

([48]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm.
([49]) https://www.tuik.gov.tr/Home/Index.
([50]) https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/cost-of-doing-business.aspx.
([51]) tppd.com.tr.

Cóc agus leathchóc an ghuail	27040010	3,34	KG
Muciarann	720110	3,82	KG
Iarmhar d'Iarann Teilgthe	72041000	2,20	KG
Fearó-chóimhiotal - FeMn	72021900	22,08	KG
Fearó-chóimhiotal - FeSi	72022100	15,24	KG
Fearó-chóimhiotal - FeSiMg	72029930	21,25	KG
Fearó-chóimhiotal - eile	72029980	24,20	KG
Brícíní Cairbíde Sileacain	28492000	11,4	KG
Frámaí cruach	730890980018	34,90	KG
Péinteanna	32081090	42,14	KG
Aolchloch	252100	7,49	KG
Fuinneamh			
Leictreachas	N/B	0,52 CNY/kWh	kWh
Gás Nádúrtha	N/B	0,20 CNY/kWh	kWh
Uisce	N/B	10,17 CNY/M3	M^3
Breosla	N/B	4,63 CNY/L	L
Lucht saothair			
Lucht saothair	N/B	36,56 CNY/uair an chloig	Uaireanta an chloig

3.4.1.1. Amhábhair

(75) Tá próisis táirgthe earraí áirithe d'iarann teilgthe mórán mar a chéile ar fud an domhain, agus níl aon difríocht shuntasach idir na próisis táirgthe i nDaon-Phoblacht na Síne, san Aontas ná i dtíortha eile. Bhí difríochtaí beaga idir an próiseas táirgthe agus na tosca táirgeachta ag brath ar cé acu a bhí an t-earra d'iarann teilgthe déanta d'iarann liath nó d'iarann insínte. Onnmhairíodh an dá chineál earra d'iarann teilgthe ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas.

(76) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora sa tír ionadaíoch, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch, mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír gan Daon-Phoblacht na Síne ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad a áireamh, a liostaítear in Iarscríbhinn 1 de Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. ([52]) Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín isteach sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh toisc gur tháinig sé ar an gconclúid in aithris (63) nach iomchuí praghsanna agus costais intíre i nDaon-Phoblacht na Síne a úsáid toisc go bhfuil saobhadh suntasach ann i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann a léiríonn nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ón tSín chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós.

([52]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe (IO L 123, 19.5.2015, lch. 33). Meastar le hAirteagal 2(7) den bhun-Rialachán nach féidir praghsanna intíre sna tíortha sin a úsáid chun gnáthluach a chinneadh.

(77) Ó thaobh thosca táirgeachta na haolchloiche (cód an tráchtearra 252100) agus an fhearó-chóimhiotail de (eile) (cód an tráchtearra 72029980), de réir staitisticí ón Atlas Trádála Domhanda ('GTA'), ní raibh aon chainníocht allmhairiúcháin ar bith isteach sa Tuirc, ba neamhshuntasach na cainníochtaí céanna, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rud a chiallaíonn nach raibh na meánphraghsanna allmhairiúcháin críochnaitheacha sách ionadaíoch. I bhfianaise gan sonraí eile a bheith ar fáil, bhí ar an gCoimisiún a chinneadh a bhunú ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ba í an aolchloch 2 % de chostais amhábhair iomlána na dtáirgí d'iarann teilgthe agus ba é fearó-chóimhiotail (eile) 1 % de chostais amhábhair iomlána na táirgí d'iarann teilgthe liath. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear do na tosca táirgeachta sin ar na ríomhanna maidir le corrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin.

(78) I bhfianaise easpa an chomhoibrithe agus gan eilimintí eile a bheith ar comhad, bunaithe ar na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir, agus é á chur san áireamh gur cuimsíodh costais áirithe i dtomhaltáin mar a mhínítear in aithrisí 74 agus 79, shuigh an Coimisiún gurbh é 25 % an cóimheas idir tomhaltáin agus na costais amhábhair iomlána i gcás táirgí d'iarann insínte agus gurbh é 16 % an cóimheas sin i gcás táirgí d'iarann liath. Cuireadh na céatadáin sin i bhfeidhm ansin maidir le luach neamhshaofa na n-amhábhar chun luach neamhshaofa na n-amhábhar agus na dtomhaltán eile a fháil.

(79) Ba cheart na costais iompair intíre a chur leis na praghsanna allmhairiúcháin sin de ghnáth. Dá bhrí sin, agus éagmais comhair á cur san áireamh, mar aon le cineál an imscrúdaithe sin ar an athbhreithniú éaga, ina ndírítear ar a chinneadh ar leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe nó an bhféadfadh sí tarlú arís, seachas méid beacht na dumpála a fháil amach, chinn an Coimisiún nach raibh gá le coigeartuithe maidir le hiompar intíre. Ní bheadh de thoradh ar choigeartuithe den sórt sin ach an gnáthluach a mhéadú agus an corrlach dumpála a mhéadú freisin dá réir sin.

3.4.1.2. Lucht saothair

(80) Foilsíonn Institiúid Staidrimh na Tuirce faisnéis mhionsonraithe maidir le pá in earnálacha difriúla den gheilleagar sa Tuirc. ([53]) D'úsáid an Coimisiún na staitisticí le haghaidh 2020, arbh iad na staitisticí is déanaí dá raibh ar fáil, le haghaidh meánchostas saothair don ghníomhaíocht eacnamaíoch, i.e. 'Monarú miotal bunúsach' faoi NACE Cód 24 de réir aicmiú NACE Rev.2. Na meánchostais saothair in aghaidh na huaire a fuarthas dá réir sin, rinneadh iad a choigeartú a thuilleadh trí úsáid a bhaint as an innéacs costais saothair ([54]) chun na costais do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe a léiriú.

3.4.1.3. Fuinneamh

(81) Bhí na praghsanna leictreachais sa Mhalaeisia ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin na cuideachta fóntais leictreachais TNB ([55]). Bhain an Coimisiún úsáid as na taraifí is infheidhme maidir le custaiméirí sa chatagóir 'meánvoltais'. Bhí praghsanna an gháis nádúrtha sa Mhalaeisia ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin an choimisiúin um fhuinneamh ([56]). D'úsáid an Coimisiún taraifí gáis nádúrtha ab infheidhme maidir le húsáideoirí tionsclaíocha sa cheathrú ráithe de 2021 agus roghnaigh sé banda tomhaltais i gcomhréir le tomhaltas gáis nádúrtha an iarratasóra.

3.4.1.4. Breosla

(82) Foilsíonn Türkiye Petrolleri (Peitriliam na Tuirce) na meánphraghsanna le haghaidh ola breosla sna cathracha difriúla sa Tuirc. I gcomhréir leis an iarraidh ar athbhreithniú, d'úsáid an Coimisiún na meánphraghsanna breosla le haghaidh Istanbul Anadolu le haghaidh na tréimhse ó mhí Eanáir 2022 go dtí mí na Nollag 2022. ([57]) Ós rud é nach dtagann ach luaineacht fhíorbheag ar phraghsanna breosla idir cathracha, measadh gurbh athróg ionadach iomchuí é Istanbul Anadolu le haghaidh na Tuirce ar fad.

([53]) https://data.tuik.gov.tr/Bulten/DownloadIstatistikselTablo?p=FsjYWs9udep3a8vd2aOEDJTGI/j4OMXQ7hW06NadVvxfqfqjMxKjxtm2wtRf4Xel.
([54]) https://data.tuik.gov.tr/Kategori/GetKategori?p=Istihdam%2c-Issizlik-ve-Ucret-108.
([55]) https://www.tnb.com.my/commercial-industrial/pricing-tariffs1 (an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 20 Samhain 2023).
([56]) https://www.st.gov.my/en/web/consumer/details/2/10 (an dáta deireanach ar breathnaíodh air an 20 Samhain 2023).
([57]) tppd.com.tr.

3.4.1.5. Uisce

(83) Ó thaobh phraghas an uisce de, d'úsáid an Coimisiún na meánphraghsanna is infheidhme sa Tuirc maidir le costas an uisce ar mhaithe le húsáid thionsclaíoch mar a chuir Uachtaránacht Oifig Infheistíochta Phoblacht na Tuirce i láthair. ([58])

3.4.1.6. Forchostais mhonaraíochta, costais SGA agus brabús

(84) De réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, 'ní mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus i gcomhair brabús a bheith san áireamh sa ghnáthluach comhdhéanta'. Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a shuí chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(85) Chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a shuí agus ós rud é go bhfuil comhar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin in easnamh, bhain an Coimisiún úsáid as na fíorais a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán. Ar bhonn na sonraí a sholáthair an t-iarratasóir bhunaigh an Coimisiún cóimheas na bhforchostas monaraíochta leis na costais iomlána mhonaraíochta agus saothair. Cuireadh an céatadán sin i bhfeidhm ansin maidir le luach neamhshaofa chostas na monaraíochta chun luach neamhshaofa na bhforchostas monaraíochta a fháil.

(86) Chun méid neamhshaofa agus réasúnta a shuí le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis, bhí an Coimisiún ag brath ar na sonraí airgeadais is déanaí dá raibh ar fáil le haghaidh 892 chuideachta de chuid na Tuirce a bhí gníomhach i gcatagóir NACE 24.5, mar a leagtar amach in aithris (37).

3.4.2. *Ríomh an ghnáthluacha*

(87) Bunaithe ar a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge (earraí iarainn theilgthe d'iarann liath agus earraí iarainn theilgthe d'iarann insínte) ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

(88) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. In éagmais chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin, bhraith an Coimisiún ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú ar úsáid gach toisce (ábhair, fuinneamh agus lucht saothair) chun earraí áirithe d'iarann teilgthe a tháirgeadh. D'iolraigh an Coimisiún an úsáid a bhain le gach toisc faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a breathnaíodh sa tír ionadaíoch, an Tuirc.

(89) Tar éis dó costas neamhshaofa na monaraíochta a shuí, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús leis mar a shonraítear i roinn 3.4.1.6. Socraíodh na forchostais mhonaraíochta bunaithe ar shonraí a chuir an t-iarratasóir ar fáil. Socraíodh na costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús bunaithe ar mheán na luachanna a tuairiscíodh le haghaidh an 892 chuideachta de chuid na Tuirce a bhí gníomhach i gcatagóir NACE 24.5 le haghaidh 2022. ([59]) Chuir an Coimisiún na míreanna seo a leanas leis an gcostas neamhshaofa monaraíochta:

— Is éard a bhí i bhforchostais na monaraíochta ar an iomlán [20-25] % de chostas díreach na monaraíochta le haghaidh táirgí d'iarann insínte agus [15-20] % le haghaidh táirgí d'iarann liath ([60]),

— Costais SGA agus costais eile, arbh é a bhí iontu 10,07 % de Chostais na nEarraí a Díoladh ('COGS'), agus

— 7,98 % de COGS a bhí sna brabúis, agus cuireadh iad le costais iomlána neamhshaofa na monaraíochta.

(90) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh ar bhonn an phraghais dhírigh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán.

([58]) https://www.invest.gov.tr/en/investmentguide/pages/cost-of-doing-business.aspx.
([59]) Staitisticí maidir le Cuntais Cuideachtaí, le fáil ag https://www3.tcmb.gov.tr/sektor/#/en.
([60]) Ar chúiseanna rúndachta, is i raonta a sholáthraítear figiúirí toisc go bhfuil an fhaisnéis sin san iarraidh ar athbhreithniú éaga bunaithe ar an bhfaisnéis ó bheirt táirgeoirí de chuid an Aontais.

3.5. **An praghas onnmhairiúcháin**

(91) In éagmais comhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín, cinneadh an praghas onnmhairiúcháin trí úsáid a bhaint as praghsanna ar bhonn costais, árachais, last-táille (CAL) a asbhaintear ó shonraí Eurostat, arna gceartú chun praghas de réir leibhéal díreach ón monarcha a fháil. Dá bhrí sin, rinneadh praghas CAL a laghdú de réir an chostais lasta mara agus an chostais árachais agus an chostais iompair intíre. Bhí costais iompair intíre na Síne agus idirnáisiúnta bunaithe ar fhaisnéis a chuir an t-iarratasóir ar fáil san iarraidh ar athbhreithniú.

3.6. **Comparáid**

(92) Chuir an Coimisiún an gnáthluach ríofa a suíodh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, i gcomparáid, de réir cineál táirge, leis an bpraghas onnmhairiúcháin ar leibhéal an phraghais dhírigh mar a shuitear thuas.

3.7. **Corrlach dumpála**

(93) Ar an mbonn sin, suíodh gur shuntasach í an difríocht idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach ríofa (os cionn 60 %). Measadh dá bhrí sin sa deireadh gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

4. **DÓCHÚLACHT GO RABHAS AG LEANÚINT DEN DUMPÁIL**

(94) I dtaca leis an toradh lenar cinneadh gur ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, an gaol idir praghsanna onnmhairiúcháin chuig tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas, agus tarraingteacht mhargadh an Aontais. Meabhraítear go raibh an anailís bunaithe ar fhíricí a bhí ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, mar gheall ar neamh-chomhoibriú ó tháirgeoirí onnmhairithe na Síne agus ó Rialtas na Síne, go háirithe an iarraidh ar athbhreithniú, staidreamh GTA agus faisnéis eile a bhí ar fáil.

4.1. **Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín**

(95) In éagmais comhoibriú ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, bhunaigh an Coimisiún a thorthaí maidir leis an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín ar an bhfaisnéis a sholáthair an t-iarratasóir ina iarraidh ar athbhreithniú.

(96) Léirigh an t-imscrúdú go raibh ró-acmhainneacht ghinearálta ann i dtáirgeadh earraí áirithe d'iarann teilgthe sa tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ó thaobh na hacmhainneachta táirgeachta ([61]) sa tSín le linn na tréimhse sin de, measadh gur 1 031 292 thona in aghaidh na bliana a bhí i gceist. De réir fhaisnéis an iarratasóra faoin margadh, ba é 408 654 thona in aghaidh na bliana táirgeacht agus díolacháin iarbhír na Síne, rud a léirigh acmhainneacht bhreise mheasta de 622 638 dtona a bheith ann le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. An acmhainneacht bhreise sin, ar mhó í ná tomhaltas iomlán an Aontais le linn na tréimhse céanna, d'fhéadfaí í a atreorú chuig an Aontas dá scoirfeadh na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair d'fheidhm a bheith acu.

(97) Bunaithe ar a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh acmhainneachtaí breise suntasacha ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh cainníochtaí móra a onnmhairiú chuig an Aontas ar phraghsanna dumpáilte dá gceadófaí do na bearta dul as feidhm.

4.2. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(98) Bunaithe ar an bhfaisnéis a soláthraíodh san iarraidh ar athbhreithniú éaga, bhí margadh an Aontais le haghaidh earraí áirithe d'iarann teilgthe fós tarraingteach d'onnmhaireoirí de chuid na Síne. Ó bhí an t-imscrúdú bunaidh ann, tá laghdú tagtha ar allmhairí ón tSín i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon. Ghlac tríú tíortha eile, amhail an India agus an Tuirc, an sciar den mhargadh a bhí i seilbh na Síne roimhe seo go páirteach, tíortha a mhéadaigh a méideanna onnmhairiúcháin den táirge faoi athbhreithniú chuig an Aontas ó rinneadh an t-imscrúdú roimhe sin. Ag an am céanna, bhí an tSín fós ar an tríú honnmhaireoir is mó d'earraí áirithe d'iarann teilgthe chuig an Aontas le linn na tréimhse imscrúdúcháin. Léiríonn sé sin gur margadh tarraingteach é an tAontas d'onnmhaireoirí ón tSín.

([61]) Mar a tuairiscíodh in Iarscríbhinn C.05 den Iarraidh ar athbhreithniú.

(99) Tá margadh an Aontais le haghaidh earraí áirithe d'iarann teilgthe ar cheann de na margaí is mó sa domhan, agus bhain tomhaltas 467 544 thona leis le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. De réir na hiarrata ar athbhreithniú éaga, tá naisc bunaithe ag teilgcheártaí de chuid na Síne le hallmhaireoirí agus líonraí dáileacháin in imeacht na mblianta fada de bheith ag onnmhairiú a dtáirgí chuig an Aontas. Fianaise a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú éaga, léirigh sí go raibh earraí d'iarann teilgthe á dtairiscint ag táirgeoirí de chuid na Síne ar phraghsanna ísle le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ina theannta sin, margadh na Stát Aontaithe, ceann de na margaí is mó ó thaobh méide de, tá sé faoi chosaint ag bearta cosanta trádála ar leibhéal 25,52 % ([62]) in aghaidh na Síne, rud lena laghdaítear rochtain na dtáirgeoirí de chuid na Síne ar an margadh sin. Cuireadh síneadh 5 bliana eile leis na bearta sin i mí an Mhárta 2022. Dá thoradh sin, is é is dócha a thiocfadh as sin méadú eile ar onnmhairí na Síne chuig an Aontas, dá rachadh na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair i léig.

(100) Fiú agus na bearta i bhfeidhm, lean na honnmhairí ón tSín chuig an Aontas agus tá sciar neamhdhiomaibhseach den mhargadh acu, rud a léirigh go bhfuil margadh an Aontais fós tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne.

(101) Dá bhrí sin, bunaithe ar an ró-acmhainneacht shuntasach i nDaon-Phoblacht na Síne agus tarraingteacht mhargadh an Aontais, mheas an Coimisiún sa deireadh, dá ligfí do na bearta reatha dul in éag, gur dócha go ndéanfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne onnmhairiú a athdhíriú ar an Aontas i gcainníochtaí móra ar phraghsanna dumpáilte.

4.3. **Conclúid**

(102) I bhfianaise a thorthaí ar leanúint na dumpála le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus ar fhorbairt dhóchúil na n-allmhairí dá rachadh na bearta as feidhm, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil dóchúlacht mhór ann go leanfaí den dumpáil dá rachadh na bearta frithdhumpála ar allmhairí ón tSín in éag.

5. **DÍOBHÁIL**

5.1. **Sainmhíniú ar thionscal an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(103) Rinne 22 tháirgeoir san Aontas an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is iad 'tionscal an Aontais' iad de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(104) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag thart ar 467 544 mhilliún tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí san Aontas agus an freagra ar an macraicheistneoir a chuir Eurofonte isteach. Mar a léirítear in aithris (11), roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla, táirgeoirí a dhéanann tuairim agus 46 % de tháirgeacht iomlán an Aontais maidir leis an táirge comhchosúil.

5.2. **Tomhaltas an Aontais**

(105) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais agus ar shonraí allmhairiúcháin ó Eurostat.

(106) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais mar a leanas:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais (tonaí)

	2019	2020	2021	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	451 373	432 522	484 501	467 544
Innéacs	*100*	*96*	*107*	*104*

Foinse: Ceistneoir sonraí maicreacnamaíocha arna sholáthar ag tionscal an Aontais agus sonraí Eurostat.

([62]) An Clár Feidearálach :: Teilgin Tógála Áirithe d'Iarann ón mBrasaíl, Ceanada agus ó Dhaon-Phoblacht na Síne: Torthaí Críochnaitheacha ón gCúigiú hAthbhreithniú Éaga Brostaithe ar Orduithe um Dhleacht Frithdhumpála

(107) Ar an iomlán, tháinig méadú 4 % ar thomhaltas an Aontais. I ndáiríre, bíonn luaineacht i margadh na n-earraí d'iarann teilgthe de réir an fháis eacnamaíoch ar mhargadh an Aontais agus go sonrach de réir mhéid na dtionscadal bonneagair i.e. san earnáil uisce agus iompair. In 2020, chrap geilleagar an Aontais Eorpaigh i ngeall ar an bpaindéim agus na dianghlasálacha dá héis, agus b'amhlaidh an scéal i gcás thomhaltas na n-earraí d'iarann teilgthe, ar ar tháinig laghdú 4 %. Ba é 2021 bliain an téarnaimh eacnamaíoch, rud a d'fhág go raibh an tomhaltas i mbarr a réime, agus bhí buaicphointe + 12 % ann sa bhliain sin. In 2022, mhoilligh oibreacha poiblí san Aontas, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar thomhaltas na n-earraí d'iarann teilgthe (– 3,5 % i gcomparáid le 2021).

5.3. **Allmhairí ón tír lena mbaineann**

5.3.1. *Méid agus sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(108) Shuigh an Coimisiún méid na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat. Suíodh an sciar den mhargadh a bhí ag na hallmhairí ar bhonn thomhaltas an Aontais mar a leagtar amach in aithris 105. Tháinig forbairt ar allmhairí chuig an Aontas ón tír lena mbaineann mar a leanas:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh

	2019	2020	2021	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí)	48 352	34 451	28 385	22 146
Innéacs	*100*	*71*	*59*	*46*
An sciar den mhargadh (%)	10,7	8,0	5,9	4,7
Innéacs	*100*	*74*	*55*	*44*

Foinse: Ceistneoir sonraí maicreacnamaíocha arna sholáthar ag tionscal an Aontais agus sonraí Eurostat.

(109) De réir a chéile, tháinig laghdú 54 % ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 29 % orthu ar dtús idir 2019 agus 2020, agus ansin tháinig laghdú 18 % orthu idir 2020 agus 2021 agus ar deireadh tháinig laghdú 22 % orthu idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá thoradh sin, tháinig laghdú níos mó ná a leath ar a sciar den mhargadh, ó 10,7 % in 2019 go 4,7 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus difríocht praghais*

(110) Shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ar bhonn sonraí ó Eurostat.

(111) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2019	2020	2021	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An tSín	1 000	951	1 123	1 436
Innéacs	*100*	*95*	*112*	*144*

Foinse: Eurostat Comext.

(112) Ar an iomlán, tháinig méadú 44 % ar an meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín. Tháinig laghdú 5 % ar an meánphraghas sin ar dtús idir 2019 agus 2020 agus tháinig méadú 18 % air idir 2020 agus 2021 dá éis sin, agus méadú 28 % air idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(113) I bhfianaise neamh-chomhoibriú na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne, rinne an Coimisiún comparáid idir meánphraghas díola ualaithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais a gearradh ar chustaiméirí neamh-chomhlachaithe ar mhargadh an Aontais, agus meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe an táirge faoi athbhreithniú ó Dhaon-Phoblacht na Síne ó Eurostat, arna suíomh ar bhonn CAL, lena n-áirítear an dleacht frithdhumpála.

(114) Léirigh an chomparáid praghsanna sin go raibh difríocht 6 % idir an meánphraghas díola onnmhairiúcháin agus meánphraghas díola thionscal an Aontais. Gan na dleachtanna frithdhumpála, ba é 25 % an difríocht sin.

5.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas an tSín**

(115) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid comhiomlánaithe na n-allmhairí isteach san Aontas chomh maith leis an sciar den mhargadh agus treochtaí praghsanna maidir le hallmhairí earraí iarainn theilgthe ó thríú tíortha eile:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2019	2020	2021	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An India	Méid (tonaí)	41 200	52 319	82 436	77 167
	Innéacs	*100*	*127*	*200*	*187*
	An sciar den mhargadh (%)	9,1	12,1	17,0	16,5
	Innéacs	*100*	*133*	*186*	*181*
	Meánphraghas (EUR/tona)	925	932	1 066	1 426
	Innéacs	*100*	*100*	*115*	*154*
An Tuirc	Méid (tonaí)	34 410	37 761	47 112	41 899
	Innéacs	*100*	*110*	*137*	*122*
	An sciar den mhargadh (%)	7,6	8,7	9,7	9,0
	Innéacs	*100*	*114*	*127*	*117*
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 079	1 098	1 139	1 498
	Innéacs	*100*	*102*	*106*	*139*
An Iaráin	Méid (tonaí)	2 897	2 537	6 048	8 647
	Innéacs	*100*	*87*	*208*	*298*
	An sciar den mhargadh (%)	0,6	0,6	1,2	1,8
	Innéacs	*100*	*91*	*194*	*288*

	Meánphraghas (EUR/tona)	1 094	1 091	1 189	1 533
	Innéacs	*100*	*100*	*109*	*140*
Tríú tíortha eile	Méid (tonaí)	5 745	8 637	11 548	9 212
	Innéacs	*100*	*150*	*201*	*160*
	Sciar den mhargadh	1,3	2,0	2,4	2,0
	Innéacs	*100*	*156*	*187*	*154*
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 156	1 108	1 293	1 752
	Innéacs	*100*	*96*	*112*	*152*
Iomlán na dtríú tíortha seachas an tSín	Méid (tonaí)	84 253	101 253	147 144	136 925
	Innéacs	*100*	*120*	*175*	*163*
	Sciar den mhargadh	18,7	23,4	30,4	29,3
	Innéacs	*100*	*125*	*163*	*157*
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 009	1 013	1 112	1 477
	Innéacs	*100*	*100*	*110*	*146*

Foinse: Sonraí Eurostat.

(116) I dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, allmhairíodh 136 925 thona earraí d'iarann teilgthe ó thríú tíortha gan an tSín a áireamh. Is é 29 % de mhargadh an Aontais an méid sin. San iomlán, tháinig méadú ar a sciar den mhargadh ó 19 % in 2019 go 29 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Cé go raibh méid an-mhór den táirge faoi athbhreithniú á onnmhairiú chuig an Aontas ag an tSín in 2019 fós, tar éis do na dleachtanna a bheith forchurtha, chaill an tSín a sciar den mhargadh de réir a chéile, rud a chuaigh chun tairbhe don India, agus chun tairbhe don Tuirc agus don Iaráin ar leibhéal níos ísle. Tháinig méadú 63 % ar mhéid na n-allmhairí ó na 3 thír sin in éineacht le chéile idir 2019 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus sciar 27,3 % den mhargadh bainte amach acu i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(117) Bhí praghsanna allmhairiúcháin na hIndia faoi bhun praghsanna na Síne gan bearta a bheith i bhfeidhm. Praghsanna allmhairiúcháin earraí d'iarann teilgthe ón Tuirc agus ón Iaráin, bhí siad beagán os cionn praghsanna de chuid na Síne gan dleachtanna (4 % ní b'airde ag an Tuirc agus 7 % ní b'airde ag an Iaráin faoi seach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe) ach bhí siad fós cuid mhór faoi bhun phraghsanna na Síne agus bearta frithdhumpála i bhfeidhm agus faoi bhun phraghsanna thionscal an Aontais. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bhí praghsanna díola na dtrí thír allmhairiúcháin sin cuid mhaith faoi bhun phraghsanna tháirgeoirí an Aontais, 27 % ní b'ísle i gcás na hIndia, 23 % ní b'ísle i gcás na Tuirce agus 22 % ní b'ísle i gcás na hIaráine.

5.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(118) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(119) Mar a luaitear in aithris (11), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(120) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí a bhí sna freagraí a sholáthair Eurofonte, arna gcros-seiceáil leis na sonraí ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ceistneora ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Fíoraíodh na sonraí a bhain le táirgeoirí sampláilte an Aontais. Fuarthas amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(121) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, an sciar den mhargadh, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh tar éis dumpáil a tharla cheana.

(122) Seo a leanas na táscairí maicreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

5.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(123) Is mar a leanas a d'fhorbair táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 6

An táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2019	2020	2021	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An méid táirgeachta (tonaí)	358 048	329 785	343 267	339 231
Innéacs	*100*	*92*	*96*	*95*
An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	652 029	650 590	651 077	645 386
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*99*
Úsáid acmhainneachta (%)	54,9	50,7	52,7	52,6
Innéacs	*100*	*92*	*96*	*96*

Foinse: An ceistneoir sonraí maicreacnamaíocha arna sholáthar ag tionscal an Aontais.

(124) Ar an iomlán, tháinig laghdú 5 % ar chainníocht táirgthe thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is go dlúth a lean an táirgeadh an luaineacht ar an tomhaltas. Mar iarmhairt ar an bpaindéim, tháinig laghdú 8 % ar an táirgeadh idir 2019 agus 2020. Tháinig méadú ar an táirgeadh arís idir 2020 agus 2021 (+ 4 %) sular tháinig laghdú air arís idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (- 1 %).

(125) Bhí acmhainneacht táirgeachta thionscal an Aontais cobhsaí idir 2019 agus 2021 agus tháinig laghdú de bheagán uirthi idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (- 1 %).

(126) Lean an úsáid acmhainneachta an fhorbairt chéanna agus a bhain leis an táirgeadh agus tháinig laghdú 4 % uirthi le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 8 % ar an táscaire sin in 2020 agus tháinig méadú 4 % air ansin in 2021 agus cobhsaíodh é le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 2,3 pointe céatadáin ar an úsáid acmhainneachta ó thart faoi 55 % in 2019 go 52,6 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5.5.2.2. Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh

(127) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig forbairt ar mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh mar a leanas:

Tábla 7

An méid díolachán agus an scair den mhargadh

	2019	2020	2021	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Méid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (tonaí)	318 768	296 818	308 972	308 474
Innéacs	*100*	*93*	*97*	*97*
An sciar den mhargadh (%)	71	69	64	66
Innéacs	*100*	*97*	*90*	*93*

Foinse: Ceistneoir sonraí maicreacnamaíocha arna sholáthar ag tionscal an Aontais agus sonraí Eurostat.

(128) D'ainneoin an mhéadaithe ar an tomhaltas, forbairt dhiúltach a bhain do mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais, agus laghdú 3 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 7 % ar mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais in 2020 ar dtús, agus rinneadh téarnamh ansin in 2021 agus 2022, ach níor sroicheadh an leibhéal díolachán a bhí ann ag tús na tréimhse faoi bhreathnú, i ndearbhthéarmaí, riamh.

(129) I gcomhthéacs fás beag ar an tomhaltas, tháinig laghdú breis agus 5 phointe céatadáin ar an sciar den mhargadh a bhí ag tionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 2 phointe céatadáin ar an tomhaltas in 2020 ar dtús, ansin tháinig laghdú 5 phointe céatadáin eile air in 2021 agus tháinig méadú beag 2 phointe céatadáin air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(130) An sciar den mhargadh a chaill táirgeoirí an Aontais, is iad táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na hIndia a ghlac an sciar sin go príomha, agus méadú ó 9,1 % in 2019 go 16,5 % ag teacht ar a sciar den mhargadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus ba é an Tuirc, an dara honnmhaireoir is mó chuig an Aontas, an tríú tír eile a ghlac an sciar den mhargadh a chaill táirgeoirí an Aontais, agus méadú ó 7,6 % in 2019 go dtí 9 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag déanta ar a sciar féin den mhargadh.

5.5.2.3. Fás

(131) Idir 2019 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig méadú 4 % ar thomhaltas an Aontais. Tháinig laghdú 3 % ar thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, agus, dá bharr sin, laghdaigh a sciar den mhargadh faoi 5 phointe céatadáin le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

5.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(132) Tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2019	2020	2021	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Líon na bhfostaithe (FTE)	3 053	3 027	3 027	3 076
Innéacs	*100*	*99*	*99*	*101*
Táirgiúlacht (tonna/FTE)	117	109	113	110
Innéacs	*100*	*93*	*97*	*94*

Foinse: An ceistneoir sonraí maicreacnamaíocha arna sholáthar ag tionscal an Aontais.

(133) D'éirigh le tionscal an Aontas an líon fostaithe, arna sloinneadh i gcoibhéis lánaimseartha ('FTE'), a bhí i mbun tháirgeadh agus dhíol an táirge faoi athbhreithniú a choinneáil ar bun agus méadú (de bheagán) a dhéanamh ar an líon fostaithe sin fiú, agus méadú 1 % tagtha air idir 2019 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(134) Bhí táirgiúlacht lucht saothair thionscail an Aontais, arna tomhas de réir an aschuir (tonaí) in aghaidh FTE, ag titim le linn na tréimhse faoi bhreathnú (-6 %). Is é sin iarmhairt an laghdaithe ar an méid táirgeachta foriomlán le linn na tréimhse faoi bhreathnú i gcomparáid leis an líon fostaithe, rud a bhí cobhsaí fós agus ar ar tháinig mionmhéadú fiú.

5.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(135) Mar a léirítear in aithris (93), suíodh go raibh an difríocht idir an praghas onnmhairiúcháin agus an gnáthluach ríofa cuid mhaith os cionn leibhéal *de minimis* (os cionn 60 %). B'ábhartha agus ba shuntasach fós tionchar na gcorrlach sin ar thionscal an Aontais, ós rud é gur lean earraí d'iarann teilgthe de thionscnamh na Síne de theacht isteach san Aontas i gcainníochtaí móra.

(136) Thairis sin, fiú agus bearta i bhfeidhm, bhí na hallmhairí sin fós ar phraghsanna atá cuid mhaith faoi bhun phraghsanna tháirgeoirí an Aontais agus dá bhrí sin, fágadh gur dheacair do thionscal an Aontais teacht aniar ó na cleachtais dumpála a bhí ann roimhe.

5.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.5.3.1. Praghsanna agus tosca a dhéanann difear do phraghsanna

(137) Is mar a leanas a d'fhorbair meánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas le custaiméirí neamh-chomhlachaithe san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 9

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/tonna)

	2019	2020	2021	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An meánphraghas díolachán aonaid san Aontas ar an margadh iomlán	1 514	1 533	1 625	1 956
Innéacs	*100*	*101*	*107*	*129*
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid	1 451	1 470	1 662	1 917
Innéacs	*100*	*101*	*115*	*132*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(138) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 29 % ar an meánphraghas díola i dtionscal an Aontais. Cláraíodh méaduithe móra idir 2020 agus 2021 (+ 6 %) agus idir 2021 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (+ 20 %). Is iarmhairt iad na méaduithe sin ar an ardú ar mheánchostas na n-amhábhar agus an fhuinnimh. Tháinig méadú 15 % ar chostais ó 2019 go dtí 2021 agus méadú 15 % eile ansin ó 2021 ar aghaidh. Ar an iomlán, tháinig méadú 32 % ar chostais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(139) Níorbh fhéidir le tionscal an Aontais ardú sách mór a dhéanamh ar phraghsanna chun an méadú ar chostais a chumhdach, rud a bhí ina n-iarmhairt ar an mbrú praghsanna ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne agus ó allmhairí ón India, ón Tuirc, agus ón Iaráin chomh maith.

(140) Is mar a leanas a d'fhorbair meánchostais saothair na dtáirgeoirí sampláilte san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2019	2020	2021	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	55 061	57 835	57 611	59 715
Innéacs	*100*	*105*	*105*	*108*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(141) Tháinig méadú go leanúnach ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí. Tháinig méadú 8 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú 5 % ar an táscaire sin in 2020, bhí sé cobhsaí in 2021 agus tháinig méadú thart faoi 4 % air arís ansin le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is é sin iarmhairt na gcomhaontuithe earnálach maidir le méaduithe tuarastail agus na bpréimheanna speisialta a deonaíodh.

5.5.3.2. Fardail

(142) Tháinig forbairt ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí ón Aontas a rinneadh a shampláil le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 11

Fardail

	2019	2020	2021	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Stoic dheiridh (tonaí)	23 999	24 297	26 613	26 823
Innéacs	*100*	*101*	*111*	*112*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	14,5	15,7	16,7	17,3
Innéacs	*100*	*109*	*115*	*120*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(143) Tháinig méadú 12 % ar leibhéal na stoc deiridh a bhí ag an 3 tháirgeoir shampláilte den Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is in 2021 go príomha a tharla an méadú.

(144) Mar a léirítear thuas in aithris 106, tá margadh na n-earraí d'iarann teilgthe dlúthnasctha leis an bhfás eacnamaíoch ar mhargadh an Aontais. Réamh-mheasadh gur bhliain mhaith a bheadh in 2021, agus gur + 12 % níos airde a bheadh an bhuaicphointe tomhaltais i gcomparáid leis an mbliain 2020. Dá réir sin, rinne táirgeoirí sampláilte an Aontais méadú beag ar a dtáirgeacht. Mar sin féin, níorbh fhéidir le táirgeoirí sampláilte an Aontais tairbhiú go hiomlán den mhéadú ar an tomhaltas chun go dtiocfadh méadú ar leibhéal na stoc.

5.5.3.3. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a chruinniú

(145) Tháinig forbairt ar an mbrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 12

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2019	2020	2021	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamh-chomhlachaithe (% de láimhdeachas na ndíolachán)	5,6	5,8	0,1	3,4
Innéacs	*100*	*103*	*1*	*60*
An sreabhadh airgid (EUR)	16 939 091	17 495 491	6 742 515	15 285 813
Innéacs	*100*	*103*	*40*	*90*
Infheistíochtaí (EUR)	11 085 740	8 677 592	11 531 261	14 484 710
Innéacs	*100*	*78*	*104*	*131*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	6,5	6,2	0,1	4,5
Innéacs	*100*	*96*	*1*	*70*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(146) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí ón Aontas a sampláladh trí ghlanbhrabús roimh cháin díolacháin an táirge chomhchosúil i gcás custaiméirí neamh-chomhlachaithe san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin.

(147) Tháinig laghdú ar bhrabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais sa tréimhse faoi bhreathnú, ó 5,6 % in 2019 go 3,4 % le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. In 2019 agus 2020, bhí an bhrabúsacht beagán os cionn an spriocbhrabús a leagadh síos san imscrúdú bunaidh (i.e. 5,3 %). Tháinig meath substaintiúil ar an mbrabúsacht in 2021 agus thit sé go leibhéal gar do nialas. Ba é ba chúis leis an bhforbairt dhiúltach sin éagumas thionscal an Aontais praghsanna a ardú go leordhóthanach chun an méadú a bhí ag teacht ar an gcostas táirgthe a chumhdach. I dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, tháinig feabhas ar an mbrabúsacht, agus brabúis 3,4 % á sroicheadh, fiú má bhí sé fós faoi bhun na sprice 5,3 %.

(148) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig méadú beag ar an sreabhadh airgid in 2020 (+ 3 %). Tháinig meath suntasach ar an gcás in 2021, agus thit an táscaire sin 61 % mar iarmhairt ar an gcaillteanas brabúsachta. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, nuair a tháinig brabúis fheabhsaithe ar ais, tháinig méadú 127 % arís ar an táscaire sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, rud a léirigh pictiúr níos sláintiúla de tháirgeoirí sampláilte an Aontais.

(149) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Lean sé forbairt a bhí comhchosúil le forbairt na brabúsachta. Bhí sé cobhsaí in 2019 agus 2020, sular thit sé go suntasach in 2021 agus méadú ag teacht air arís i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomhréir le treocht na brabúsachta.

5.6. **Conclúid faoi dhíobháil**

(150) Cé gurb amhlaidh, gur tháinig laghdú ar allmhairí earraí d'iarann teilgthe de thionscnamh na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú, i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon, bhí na hallmhairí sin fós suntasach i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus sciar 4,7 % den mhargadh acu. Méid an chorrlaigh dumpála a suíodh i ndáil leis na hallmhairí sin, bhí sé fós suntasach chomh maith, agus breis agus 60 % i gceist. Thairis sin, bhí na hallmhairí sin fós 6 % faoi bhun mheánphraghsanna díola an Aontais (lena n-áirítear dleachtanna). Gan na dleachtanna frithdhumpála, ba é 25 % an difríocht sin.

(151) Léiríonn treocht na maicreatháscairí agus na micreatháscairí gur tháinig meath ar staid airgeadais thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú. D'ainneoin méadú 4 % ar an tomhaltas, chuaigh forbairt na bpríomhtháscairí eacnamaíocha in olcas le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go sonrach, tháinig laghdú 3 % ar dhíolacháin tháirgeoirí an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus laghdú 5 % ar a dtáirgeadh lena linn, faoi seach. Dá dheasca sin, tháinig laghdú ar an sciar den mhargadh a bhí ag táirgeoirí an Aontais ó 71 % in 2019 go 66 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtríú tíortha a ghlac na sciartha sin; go sonrach, ghnóthaigh an India 7 bpointe céatadáin ar a sciar den mhargadh go 16,5 % agus rinne an Tuirc méadú ar a sciar den mhargadh freisin, ó 7,6 % in 2019 go 9 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(152) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 29 % ar mheánphraghas díola tháirgeoirí an Aontais. Ardaíodh praghsanna mar iarracht chun an méadú 32 % ar an gcostas amhábhar agus fuinnimh le linn na tréimhse faoi bhreathnú a chumhdach. Níorbh fhéidir le tionscal an Aontais ardú sách mór a dhéanamh ar phraghsanna chun an méadú ar chostais a chumhdach. Dá dheasca sin, tháinig laghdú ar bhrabúsacht tháirgeoirí sampláilte an Aontais go 3,4 % i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ar brabúsacht í sin a bhí faoi bhun na spriocbhrabúsachta a suíodh san imscrúdú bunaidh (5,3 %).

(153) Ar bhonn a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun-Rialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6. **CÚISÍOCHT**

(154) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an staid lena fháil amach an ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann. I gcomhréir le hAirteagal 3(7) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún freisin an bhféadfadh sé gur bhain díobháil do thionscal an Aontais de dheasca tosca aitheanta eile san am céanna. D'áirithigh an Coimisiún nár cuireadh aon díobháil fhéideartha, ar tosca eile ba chúis léi seachas na hallmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann, i leith thionchar na n-allmhairí dumpáilte. Seo a leanas na fachtóirí sin: allmhairí ó thríú tíortha eile agus feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais.

6.1. **Éifeachtaí na n-allmhairí dumpáilte**

(155) Tháinig laghdú seasta 54 % ar an meán ar allmhairí earraí d'iarann teilgthe ó Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse faoi bhreathnú, chun sciar 4,7 % den mhargadh a shroicheadh san Aontas i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig méadú 44 % ar an meánphraghas allmhairiúcháin ón tSín. D'ainneoin an mhéadaithe sin, bhí an meánphraghas sin fós 6 % faoi bhun mheánphraghsanna díola thionscal an Aontais. Gan na dleachtanna frithdhumpála, ba é 25 % an difríocht sin (féach aithris 113).

(156) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur shuntasach fós na hallmhairí dumpáilte ón tSín agus go raibh brú anuas á chur acu ar phraghsanna agus ar mhéid díolachán thionscal an Aontais, agus dá réir sin, gur chuir siad leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

6.2. **Éifeachtaí tosca eile**

6.2.1. *Allmhairí ó thríú tíortha*

(157) Tháinig méadú suntasach ar mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile le linn na tréimhse faoi bhreathnú, mar a léirítear i Roinn 5.4 thuas. Is ón India go príomha a tháinig na hallmhairí sin (sciar 16,5 % den mhargadh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe), ón Tuirc (sciar 9 % den mhargadh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe) agus ón Iaráin (sciar 1,8 % den mhargadh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

(158) Rinneadh na hallmhairí sin ar phraghsanna a bhí cuid mhaith faoi bhun phraghsanna tháirgeoirí an Aontais.

(159) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid maidir leis an méadú ar na méideanna allmhairí ó thríú tíortha agus na praghsanna an-íseal a bhain leo, cuid mhór faoi bhun mheánphraghsanna thionscal an Aontais, go raibh brú anuas á chur acu ar phraghsanna agus ar mhéid díolachán thionscal an Aontais, agus dá réir sin, gur chuir siad leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

6.2.2. *Feidhmíocht onnmhairiúcháin thionscal an Aontais*

(160) Seo a leanas mar a forbraíodh méid na n-onnmhairí ó na táirgeoirí ón Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú:

Tábla 13

Feidhmíocht onnmhairiúcháin tháirgeoirí sampláilte an Aontais

	2019	2020	2021	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An méid onnmhairí (tonaí)	16 664	15 910	14 844	13 420
Innéacs	*100*	*95*	*89*	*81*
Meánphraghas (EUR/tona)	1 400	1 441	1 543	1 776
Innéacs	*100*	*103*	*110*	*127*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais.

(161) Maidir lena méid, tháinig laghdú 19 % ar onnmhairí tháirgeoirí sampláilte an Aontais chuig custaiméirí gaolmhara agus neamh-chomhlachaithe le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, díolacháin onnmhairí ab ea thart faoi 11 % de dhíolacháin iomlána tháirgeoirí sampláilte an Aontais. I bhfianaise méid na ndíolachán a bheith laghdaithe, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar an méid táirgeachta, thángthas ar an gconclúid gur chuir an fheidhmíocht onnmhairiúcháin leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais freisin.

6.3. **An chonclúid ar chúisíocht**

(162) Ar bhonn an mhéid thuasluaite, chinn an Coimisiún go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais leis na hallmhairí dumpáilte de thionscnamh na Síne.

(163) Maidir leis na tosca eile a sainaithníodh, amhail na hallmhairí ó thríú tíortha eile agus feidhmíocht tháirgeoirí an Aontais ó thaobh na ndíolachán onnmhairí, cé acu a measadh leo féin nó le chéile iad, rinne na tosca sin díobháil do thionscal an Aontais freisin ach níor mhaolaigh siad an nasc cúisíoch idir na hallmhairí dumpáilte agus an díobháil ábhartha.

7. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DÍOBHÁIL

(164) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris (153) gur bhain díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, ar cé acu a bheadh dóchúlacht ann go leanfaí den díobháil arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín ba chúis léi dá ligfí do na bearta dul as feidhm.

(165) Ina leith sin, scrúdaigh an Coimisiún an acmhainneacht bhreise sa tSín, bearta i dtríú margaí, tarraingteacht mhargadh an Aontais, dá gceadófaí do na bearta dul as feidhm.

7.1. **Acmhainneacht bhreise sa tSín**

(166) Mar a léirítear in aithris (96) thuas, tá an tSín i measc na dtáirgeoirí is mó ar domhan d'earraí d'iarann teilgthe. Measadh go raibh acmhainneacht bhreise na Síne ag 622 638 dtona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe; i.e. 133 % de thomhaltas an Aontais le linn na tréimhse céanna. Dá bhrí sin, tionscal iarainn theilgthe na Síne a bhraitheann go mór ar mhargaí eachtracha chun a tháirgí a dhíol, is maith a bheadh sé ar a cumas méadú mór a dhéanamh ar a méideanna onnmhairí, ar phraghsanna dumpáilte chuig an Aontas, dá gceadófaí do na dleachtanna frithdhumpála dul in éag. D'fhágfadh sé sin go rachadh cás eacnamaíoch thionscal an Aontais, atá leochaileach cheana féin, in olcas a thuilleadh.

7.2. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(167) Tá margadh an Aontais fós tarraingteach d'onnmhaireoirí de chuid na Síne, agus is fianaise air sin an fíoras go leanann siad de mhéideanna suntasacha a onnmhairiú chuig an Aontas d'ainneoin na mbeart atá i bhfeidhm. Ba é an tSín an tríú honnmhaireoir ba mhó d'earraí áirithe d'iarann teilgthe chuig an Aontas i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(168) Tá margadh an Aontais le haghaidh earraí áirithe d'iarann teilgthe ar cheann de na margaí is mó sa domhan, agus bhain tomhaltas 467 544 thona leis le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Is é margadh na Stát Aontaithe an margadh mór eile i dtéarmaí méide. Tá sé faoi chosaint ag bearta cosanta trádála in aghaidh na Síne faoi láthair, ar leibhéal 25,52 %, ([63]) rud lena laghdaítear allmhairí na Síne go suntasach. Cuireadh síneadh 5 bliana leis na bearta sin i mí an Mhárta 2022.

(169) Tá margadh an Aontais tarraingteach i dtéarmaí praghsanna freisin. San fhianaise a sholáthair an t-iarratasóir san iarraidh ar athbhreithniú, léirítear tairiscintí ([64]) do chustaiméirí ar fud an domhain, arna ndéanamh ag táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne ar leibhéil faoi bhun phraghas onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas (26 % níos ísle ar an meán) agus ar leibhéal atá cuid mhaith níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, is dócha, dá ligfí do na bearta dul in éag, go mbeadh margadh an Aontais níos tarraingtí fós d'onnmhaireoirí na Síne.

(170) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurb é is dóichí a tharlódh go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín ar leibhéil phraghais dhíobhálacha dá gceadófaí do na bearta dul as feidhm, agus dá bharr sin dhéanfaí an díobháil do thionscal an Aontais níos measa. Dá bhrí sin is mó an dóchúlacht go leanfar den díobháil.

8. **AN DÓCHÚLACHT GO gCUIRFÍ TÚS LE DÍOBHÁIL ARÍS**

(171) Ina theannta sin, chinn an Coimisiún gur dócha go gcuirfí tús le tuilleadh díobhála mar thoradh ar na bearta a aisghairm dá n-aisghairfí bearta. Go deimhin, fiú mura bhféadfaí an díobháil leanúnach a bhain do thionscal an Aontais a chur i leith na n-allmhairí is ábhar, shuigh an Coimisiún gur mó an dóchúlacht go gcuirfear tús leis an díobháil arís ar bhonn leibhéal suntasach na hacmhainneachta breise sa tSín, agus ar bhonn tharraingteacht mhargadh an Aontais.

9. **LEAS AN AONTAIS**

(172) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún an cheist an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais iomláin nó nach mbeadh dá gcoinneofaí na bearta frithdhumpála reatha ar bun. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla ar fad lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí/na dtrádálaithe agus na n-úsáideoirí/na dtomhaltóirí.

9.1. **Leas thionscal an Aontais**

(173) Bhí na bearta a forchuireadh éifeachtach toisc gur chuidigh siad le laghdú a dhéanamh ar mhéid na n-allmhairí ón tSín ar mhargadh an Aontais. Mar sin féin, bhí méideanna allmhairí an táirge lena mbaineann ón tSín fós suntasach le linn na tréimhse faoi bhreathnú (sciar 4,6 % den mhargadh i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe).

(174) Suíodh gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus go bhfuil a chás leochaileach, mar a dheimhnítear leis an bhforbairt dhiúltach a bhaineann do roinnt táscairí díobhála.

([63]) An Clár Feidearálach :: Teilgin Tógála Áirithe d'Iarann ón mBrasaíl, Ceanada agus ó Dhaon-Phoblacht na Síne: Torthaí Críochnaitheacha ón gCúigiú hAthbhreithniú Éaga Brostaithe ar Orduithe um Dhleacht Frithdhumpála ar fáil ag https://www.federalregister.gov/documents/2022/03/16/2022-05550/certain-iron-construction-castings-from-brazil-canada-and-the-peoples-republic-of-china-final, arna cheadú an 13 Nollaig 2023.

([64]) Praghsanna SAB le haghaidh naoi gcineál ionadaíocha den táirge lena mbaineann, fógraítear ocht gcinn díobh ar shuíomh gréasáin poiblí lena ndírítear go speisialta ar phraghsanna gnólachta le gnólacht, arna dtairiscint ag táirgeoirí sa tSín. Sleachta as https://www.made-in-china.com/in Iarscríbhinn B.10 den iarraidh ar athbhreithniú.

(175) Is rídhócha go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón tSín ag leibhéil praghais dhíobhálacha de bharr aisghairm na mbeart, agus go ndéanfaí an díobháil a bhain do thionscal an Aontais níos measa fós agus a inmharthanacht a chur i mbaol.

(176) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid dá réir sin go mbeadh sé chun leas thionscal an Aontais na bearta frithdhumpála in aghaidh na Síne a choinneáil ar bun.

9.2. **Leas allmhaireoirí neamh-chomhlachaithe**

(177) Chuir dhá allmhaireoir neamh-chomhlachaithe freagra ar an gceistneoir isteach i ndiaidh fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh agus chomhoibrigh siad go hiomlán leis an imscrúdú trí fhreagra ar na pointí easnaimh a tarraingíodh anuas le linn an imscrúdaithe a chur isteach.

(178) Bhí an dá allmhaireoir ag allmhairiú an táirge faoi athbhreithniú ó fhoinsí éagsúla (foinsí iomadúla lena n-áirítear an tSín) le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Bhain breis agus 90 % den láimhdeachas iomlán leis an táirge faoi athbhreithniú i gcás allmhaireoir amháin, agus faoi bhun 50 % den ghníomhaíocht iomlán i gcás an allmhaireora eile.

(179) Bhí an bheirt acu in aghaidh leanúint leis na bearta agus iad á mheas gur shaobh na bearta sin an iomaíocht agus gurbh ualach bhreise dóibh iad. Líomhain siad freisin nach dteastaíonn an chosaint sin ó thionscal an Aontais.

(180) Mheas an Coimisiún gur mó ná sásra cosantaíoch na bearta frithdhumpála, ach gur sásra chun an iomaíocht a dhéanamh níos cothroime iad freisin. Níl sé de chuspóir leis na bearta frithdhumpála margadh an Aontas a dhúnadh ar allmhairí ón tSín, ach an trádáil chóir a athbhunú trí dheireadh a chur le héifeacht na dumpála díobhálaí. A mhéid a bhaineann leis an éileamh nach dteastaíonn cosaint ó thionscal an Aontais, is é a mhalairt ar fad de chás a tugadh le fios san imscrúdú ós rud é gur cosúil gur bhain díobháil do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus gur suíodh gur chuir na hallmhairí ón tSín leis an díobháil a bhain do tháirgeoirí an Aontais.

(181) Tugadh le fios san imscrúdú chomh maith go raibh an dá thrádálaí iontach brabúsach, d'ainneoin na mbeart a bhí i bhfeidhm. Dá bhrí sin, mheasfaimis gur cosúil gur réasúnach an t-ualach a forchuireadh orthu leis na bearta frithdhumpála.

(182) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon chúis láidir ó thaobh na dtrádálaithe neamh-chomhlachaithe de in aghaidh na bearta a fhadú.

9.3. **Leas úsáideoirí, tomhaltóirí**

(183) Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na húsáideoirí agus tomhaltóirí aitheanta uile. Níor fhreagair ceann ar bith díobh ceistneoir an Choimisiúin.

(184) Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil lenar léiríodh go mbeadh tionchar diúltach suntasach ag na bearta dá gcoinneofaí ar bun iad ar na húsáideoirí, ar mhó é ná tionchar dearfach na mbeart ar an tionscal de chuid an Aontais. In aon chás, mar a léiríodh san imscrúdú bunaidh in aithris (254), d'athdheimhnigh an Coimisiún nach féidir le húsáideoirí deiridh brath ar phraghsanna dumpáilte agus tionscal an Aontais thíos leo.

9.4. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(185) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún an gconclúid ar bhonn a luaitear thuas nárbh ann d'aon chúis láidir maidir le leas an Aontais gan na bearta atá ann cheana maidir le hallmhairí earraí áirithe d'iarann teilgthe de thionscnamh na Síne a choinneáil ar bun. Éifeachtaí dearfacha na mbeart frithdhumpála ar mhargadh an Aontais, go háirithe ar thionscal an Aontais, is mó iad ná an éifeacht dhiúltach a d'fhéadfadh a bheith acu ar na grúpaí leasmhara eile.

10. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(186) Ar bhonn na gconclúidí ar ar tháinig an Coimisiún maidir le leanúnachas na dumpála, leanúnachas na díobhála agus leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le hearraí áirithe d'iarann teilgthe ar de thionscnamh na Síne iad, a choinneáil ar bun.

(187) Chun na rioscaí imchéimniúcháin a íoslaghdú de bharr na difríochta ard i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(188) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(189) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den bhun-Rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(190) Na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo, tá siad infheidhme go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh na Síne é arna tháirgeadh ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis i ndáil leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(191) Cuideachta a thairbhíonn de ráta dleachta frithdhumpála aonair, d'fhéadfadh an chuideachta sin a iarraidh go gcuirfear an ráta sin i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([65]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(192) Féadfaidh onnmhaireoir nó táirgeoir nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme faoi láthair ar a onnmhairí a shocrú a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí í faoi réir an ráta dleachta frithdhumpála do chuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a dheonú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) ní dhearna sé an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme ar a onnmhairí a shocrú; (ii) ní bhaineann sé le cuideachta a rinne amhlaidh agus tá sé faoi réir na ndleachtanna frithdhumpála dá bharr sin; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó chuaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe déanamh amhlaidh i gcainníochtaí substaintiúla.

([65]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170, 1040 An Bhruiséil, an Bheilg.

(193) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([66]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ba cheart an t-ús is ceart a íoc a ríomh bunaithe ar an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(194) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí earraí áirithe d'iarann teilgthe graifíte lannóg (iarann liath) nó d'iarann teilgthe graifíte sféaróidí (ar a dtugtar iarann teilgthe insínte freisin), agus páirteanna díobh atá faoi láthair faoi chóid AC ex 7325 10 00 (Cód TARIC 7325 10 00 31) agus ex 7325 99 10 (Cód TARIC 7325 99 10 60) agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

Tá na hearraí sin de chineál a úsáidtear mar a leanas:

— chun córais talún nó córais faoi dhromchla, agus/nó oscailtí chuig córais talún nó córais faoi dhromchla, a chlúdach, agus freisin

— chun rochtain ar chórais talún nó ar chórais faoi dhromchla a sholáthar agus/nó chun radharc ar chórais talún nó ar chórais faoi dhromchla a sholáthar.

Is féidir na hearraí a bheith meaisínithe, brataithe, péinteáilte agus/nó feistithe le hábhair eile amhail coincréit, leaca pábhála, nó tíleanna, ach gan a bheith teoranta dóibh.

Tá na táirgí seo a leanas eisiata ón sainmhíniú táirge lena mbaineann:

— grátaí cainéil agus bairr theilgthe atá faoi réir chaighdeán EN 1433 agus atá le feistiú mar chomhpháirt ar chainéil pholaiméire, phlaistigh, cruach ghalbhánaithe nó choincréit chun a ligean d'uisce dromchla sreabhadh isteach sa chainéal,

— draenacha urláir, draenacha dín, oscailtí glantacháin agus clúdaigh d'oscailtí glantacháin atá faoi réir chaighdeán EN 1253,

— iarainn runga, eochracha ardaithe, agus hiodraint dóiteáin.

2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí cinntitheacha maidir le dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, a bhí ag an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Dleacht frithdhumpála	Cód breise TARIC
Botou City Wangwu Town Tianlong Casting Factory	15,5 %	C221
Botou Lisheng Casting Industry Co., Ltd	31,5 %	C222
Fengtai (Handan) Alloy Casting Co., Ltd	38,1 %	C223
Hong Guang Handan Cast Foundry Co., Ltd	21,3 %	C224

([66]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

Shijiazhuang Transun Metal Products Co., Ltd	25,0 %	C225
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear in Iarscríbhinn	25,4 %	Féach an Iarscríbhinn
Gach cuideachta eile	38,1 %	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) den (táirge faoi athbhreithniú), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú sa [tír lena mbaineann]. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart.'* Mura gcuirtear an sonraisc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. Mura sonraítear a mhalairt, na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim, beidh feidhm ag na forálacha sin.

Airteagal 2

I gcás ina soláthraíonn aon táirgeoir onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne dóthain fianaise don Choimisiún:

— nár onnmhairigh sé chuig an Aontas an táirge a bhfuil tuairisc air in Airteagal 1(1) le linn na tréimhse imscrúdúcháin (an 1 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016),

— nach bhfuil gaol idir é agus ceann ar bith de na honnmhaireoirí ná táirgeoirí i nDaon-Phoblacht na Síne atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo,

— go ndearna sé an táirge i gceist a onnmhairiú go hiarbhír chuig an Aontas tar éis na tréimhse imscrúdaithe ar a bhfuil na bearta bunaithe, nó go ndeachaigh sé isteach in oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe chun méid suntasach a allmhairiú chuig an Aontas,

Déanfar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an rialachán seo a leasú, tar éis deis a bheith tugtha do na páirtithe leasmhara uile chun barúil a thabhairt ina leith sin, ach an táirgeoir onnmhairiúcháin nua a chur leis na cuideachtaí comhoibríocha nach bhfuil áirithe sa sampla agus ar an gcaoi sin faoi réir an mheánráta dleachta ualaithe.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha de chuid na Síne nár sampláladh:

Ainm	Cód breise TARIC
Baoding City Maikesaier Casting Ltd.	C226
Baoding GB Metal Products Co., Ltd.	C232
Baoding Hualong Casting Co., Ltd.	C233
Baoding Shuanghu Casting Co., Ltd.	C234
Bo Tou Chenfeng Casting Co., Ltd.	C235
Botou City Minghang Casting Co., Ltd.	C236
Botou City Qinghong Foundry Co., Ltd. agus an chuideachta ghaolmhar Cangzhou Qinghong Foundry Co., Ltd.	C237
Botou City Simencun Town Bai Fo Tang Casting Factory	C238
Botou Dongli Foundry Co., Ltd.	C239
Botou GuangTai Precision Casting Factory	C240
Botou Mancheng Foundry Co., Ltd.	C241
Botou Okai Foundry Co., Ltd.	C242
Botou Sanjiang Casting Co., Ltd.	C243
Botou TongYang Casting Factory	C244
Botou Weili Precision Casting Co., Ltd.	C245
Botou Xinrong Foundry Co., Ltd.	C246
Botou Zhengxin Foundry Co., Ltd.	C247
Cangzhou Hongyuan Machinery & Foundry Co., Ltd.	C248
Cangzhou Yadite Casting Machinery Co., Ltd.	C249
Changsha Jinlong Foundry Industry Co., Ltd.	C250
Changyi City ChangZhan Casting Co., Ltd.	C251
China National Minerals Co., Ltd.	C252
Dingxiang Sitong Forging and Casting Industrial	C253
Dingzhou Dongyu Foundry Co., Ltd.	C254
Handan City Jinzhu Foundry Co., Ltd.	C255
Handan Haolin Casting Co., Ltd.	C256
Handan Qunshan Foundry Co., Ltd.	C257
Handan Yanyuan Machinery Foundry Co., Ltd.	C258
Handan Yuanyang Foundry Co., Ltd	C259
Handan Zhangshui Pump Manufacturing Co., Ltd.	C260
Hebei Cheng'An Babel Casting Co., Ltd.	C261

Hebei Feixiang East Foundry Products Co., Ltd.	C262
Hebei Jinghua Casting Co., Ltd.	C263
Hebei Shunda Foundry Co., Ltd.	C264
Hebei Tengfeng Metal Products Co., Ltd.	C265
Hebei Zhonghe Foundry Co., Ltd.	C266
Hengtong Valve Co., LTD	C267
Heping Cast Co., Ltd. Yi County	C268
Jiaocheng County Honglong Machinery Manufacturing Co., Ltd.	C269
Jiaocheng County Xinlei Machinery Manufacturing Co., Ltd.	C270
Jiaocheng County Xinxing Casting Co., Ltd.	C271
Jinan Laiwu Haitian Machinery Manufacturing Co., Ltd	C272
Laiwu Xinlong Weiye Foundry Co., Ltd.	C273
Lianyungang Ganyu Xingda Casting Foundry	C274
Lingchuan County Rainbow Casting Co., Ltd.	C275
Lingshou County Boyuan Foundry Co., Ltd.	C276
Pingyao County Master Casting Co., Ltd.	C277
Qingdao Jiatailong Industrial Co., Ltd	C278
Qingdao Jinfengtaike Machinery Co., Ltd.	C279
Qingdao Qitao Casting Co., Ltd.	C280
Qingdao Shinshu Casting Co., Ltd.	C281
Qingyuanxian Yueda Fountry Co., Ltd.	C282
Rockhan Technology Co., Ltd.	C283
Shahe City Fangyuan Casting Co., Ltd.	C284
Shandong Heshengda Machinery Technology Co., Ltd.	C298
Shandong Hongma Engineering Machinery Co., Ltd.	C285
Shandong Lulong Group Co., Ltd.	C286
Shanxi Ascent Industrial Co., Ltd.	C310
Shanxi Associated Industrial Co., Ltd.	C287
Shanxi Jiaocheng Xinglong Casting Co., Ltd.	C288
Shanxi Solid Industrial Co., Ltd.	C289
Shanxi Yuansheng Casting and Forging Industrial Co., Ltd.	C290
Shaoshan Huanqiu Castings Foundry	C291
Tang County Kaihua Metal Products Co., Ltd.	C292
Tangxian Hongyue Machinery Accessory Foundry Co., Ltd.	C293

Tianjin Jinghai Chaoyue Industrial and Commercial Co., Ltd.	C294
Tianjin Yu Xing Da Casting Co., Ltd.	C295
Wangdu Junrong Foundry Co., Limited	C296
Weifang Nuolong Machinery Co., Ltd.	C297
Weifang Weikai Casting Co., Ltd.	C299
Wen Shui Hengli Cineál na Cuideachta	C300
Wuhan RedStar Agro-Livestock Machinery Co. Ltd	C301
Zibo Joy's Metal Co., Ltd.	C302